

»» Tuarascáil Bhliantúil


**Gníomhaireachta Do
Chomhrac Na Bochtaine**

Clár na nÁbhar

Brollach an Chathaoirligh	7
Cuid 1 – Foramharc Bliantúil	11
Cuid 2 – Obair na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine	25
Aguisín 1 - Bord, Fochoistí agus Foireann	61
Aguisín 2 – Tionscadail arna chistiú ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine	69
Aguisín 3 –Clár Speisialta Tacaíochta an AE do Shíocháin agus Athmhuintearas: Deontais a íocadh in 2005	74
Aguisín 4 – Foilseacháin Úra (amhail ar 31 Bealtaine 2006)	78





Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2005	81
Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí	82
Ráiteas an Chathaoirligh maidir leis an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh	83
Ráiteas na bPolasaithe Cuntasíochta	85
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	86
An Clár Comhardaithe	87
Nótaí A Ghabhann Leis Na Ráitis Airgeadais	88



An Bord

31 Nollaig 2005




Comhaltaí na Gníomhaireachta do
Chomhrac na Bochtaine amhail
an 31 Nollaig 2005.





- 1 Brian Duncan
- 2 Pearse O'Hanrahan
- 3 Margaret Sweeney
- 4 Orlaigh Quinn
- 5 Helen Johnston
- 6 Tony Lane

- 7 Maria Gorman
- 8 Anthony Gavin
- 9 Barbara Walshe
- 10 Maria Corrigan
- 11 Tony O'Callaghan
- 12 Callista Bennis
- 13 Seamus McAleavey

» Gan pictiúr
 Alice Robertson
 Frank Curran
 Olive Sweetman



» Brollach an Chathaoirligh





Tugann sé pléisiúr dom ár 19^ú tuarascáil bhliantúil a chur i láthair an Aire Gnóthaí Sóisialacha Séamus Brennan TD.

Le linn 2005, thosaíomar ag obair ar ár bPlean Straitéiseach úr trí bliana –*Working for a Poverty-Free Ireland*. Tá an plean bunaithe ar thrí phríomhchuspóirí straitéiseacha – dáileadh ioncaim agus jabanna, rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeáin agus freagairtí áitiúla agus réigiúnacha ar bhochtaineacht. Leagann an tuarascáil síos raon leathan de thionscnaimh atá ar bun againn chun tacú le gach cuspóir.

Is príomhthosaíocht í i gcónaí ag Comhrac na Bochtaine dul i ngleic le bochtaineacht leanaí. Le linn na bliana lainseálamar ár Ráiteas Polasaí

Ending Child Poverty agus choimisiúnaíomar staidéar ar *The Dynamics of Child Poverty*. Bhí sé mar phríomhghné inár aighneacht chomh maith plé maidir le Comhaontú Náisiúnta úr a chur in iúl. I bhfreagairt ar an Aire, rinneamar aighneacht ar thacaíocht ioncaim do leanaí chomh maith, ag díriú ar mholtaí chun acmhainní a leithdháileadh chun bochtaineacht leanaí a laghdú, roinnt acu a cuimsíodh i mBuiséad 2006.

I dtuarascáil na bliana anuraidh, chuir mé fáilte roimh an díospóireacht mhéadaithe ar cheisteanna bochtaineachta. Leanann an díospóireacht seo ar aghaidh agus creidim go bhfuil i bhfad níos mó tuisceana ann anois i ndáil le bochtaineacht in Éirinn agus an tábhacht a bhaineann leis na bearta éagsúla a úsáidtear. Mar sin féin, tá an díospóireacht fós bunoscionn de dheasca daoine ag rá rudaí cosúil le “*níl a leithéid de rud is fíorbhochtaineacht in Éirinn*” nó “*má tá bochtaineacht ann is iad féin is ciontaí*”. Is é ceann de na rólanna atá againn ná feasacht agus tuiscint i ndáil le ceisteanna a bhaineann le bochtaineacht a chur chun cinn agus caithfimid leanúint orainn ag díriú ar an ngné seo dár gcuid oibre.



Nuair atáthar ag dul i ngleic le ceisteanna bochtaineachta, tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil a lán dul chun cinn déanta. Tá laghdú suntasach tagtha ar an leibhéal de bhochtaineacht chomhsheasmhach. I mbuiséid le deanaí rinneadh gnóthachain shuntasacha do ghrúpaí le hioncam íseal tríd an méadú i rátaí sochair agus soláthairtí tacaíochta d'ioncam leanaí.

Tá níos mó airde á thabhairt ar phríomhshruthú ar chuimsiú sóisialta chomh maith.

Maidir leis seo, táim sásta go ndearnadh príomhghnéithe den chlár a chuireamar tús leis leis na hÚdaráis Áitiúla a phríomhshruthú le linn 2005. Táimid ag obair leis an Roinn Sláinte & Leanaí fosta chun dul i ngleic le héagothroime sláinte trínár gClár *Ag Forbairt Pobal Sláintiúil*, agus inár n-obair a bhaineann leis an bPlean Gnímh Náisiúnta in aghaidh Bochtaineachta agus Eisiata Sóisialta.

Leanaimid de bheith ag obair go dlúth leis an Oifig um Chuimsiú Sóisialta agus rinneamar aighneacht agus chuireamar leis na comhchomhairlí a rinneadh mar ionchur don Phlean

Gnímh Náisiúnta in aghaidh Bochtaineachta agus Eisiata Sóisialta don tréimhse 2006-2008.

Le linn 2005, cuireadh an Tuarascáil agus an láithreán Gréasáin um Príomhshruthú ar Chuimsiú Sóisialta, arna mhaoiniú ag an AE, i gcrích go rathúil. Breathnaíonn an tuarascáil ar pholasaithe agus struchtúir dea-chleachtais a chuidigh le feabhas a chur ar bheatha na ndaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht. Ba é Comhrac na Bochtaine a bhí ag stiúradh an tionscadail agus cuireadh fáilte an-mhór roimh an obair sna tíortha rannpháirteacha agus ar fud an AE. Ba mhaith liom comhghairdeas a ghabháil leo siúd uile a bhí bainteach as ucht rath na hoibre.

Le roinnt blianta anuas d'oibríomar lenár gcomhpháirtí, Pobal (Bainisteoir Forbartha Limistéir nó ADM, roimhe seo) i gcur i bhfeidhm na gClár Síochána i gcontaetha na teorann agus ar bhonn trasteorann. Le linn na bliana chomhaontaíomar go n-áthbhrandálfaimid ár ngníomhaíochtaí faoin nGníomhaíocht Teorann, chun cur síos níos fearr a dhéanamh ar ár n-obair.



Faoi dheireadh 2005 bhí obair na Gníomhaíochta Teorann tagtha chun cinn go maith ina mbearta go léir faoin gClár Síochána II agus a fhorleathnú, le cois roinnt beart a riaraimid faoin gClár INTERREG IIIA.

Tá moltaí déanta againn chun dul i gcion ar leanúint agus forbairt éifeachtúlacht na hoibre seo faoina Cláir úra ó 2007 ar aghaidh.

Tá caidreamh thar cionn bunaithe againn leis an Aire Gnóthaí Sóisialacha Séamus Brennan TD, agus táimid ag tnúth le tacaíocht agus comhairle a thabhairt don Aire agus é ag dul i ngleic le ceisteanna bochtaineachta agus eisiata sóisialta.

Leanaimid de chaidreamh maith a bheith againn leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus an Oifig um Chuimsiú Sóisialta chomh maith. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil arís leis an bPríomh-Rúnaí, John Hynes, agus a oifighigh, agus na hoifighigh san Oifig um Chuimsiú Sóisialta as a dtacaíocht leanúnach le linn na bliana.

Ó dheireadh na bliana tá téarmaí oifige Alice Robertson, Frank Curran, Maria Corrigan agus Olive Sweetman éagtha agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine acu seo as an méid a chuir siad le hobair Chomhrac na Bochtaine. Le deanaí tá fáilte curtha againn

roimh Kitty King, John Loughran, John Monaghan agus Eugene Russell mar cheapacháin úra ar an mBord agus rinneadh Tony Lane, Anthony Gavin agus Maria Gorman a athcheapadh.

Le linn na bliana chuir Joan Flynn a théarma i gcrích mar chomhalta Foirne ar an mBord. Bhí Joan thar cionn mar chomhalta den bhord. Tar éis toghchán foirne cheap an tAire Barbara Walsh in ionad Joan.


Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don méid atá curtha ag ár bhfoireann le hobair Chomhrac na Bochtaine. Mionsonraíonn an tuarascáil an raon leathan de ghníomhaíochtaí ina bhfuil siad bainteach. Tugann ár bpáirtithe leasmhara uile aitheantas mór dá ngairmiúlacht agus dá dtiomantas ar fud ár réimsí oibre go léir, mar aon lena ndíograis don obair agus muid ag dul i ngleic lenár sprioc straitéiseach reatha *Ag Obair d'Éirinn Saor ó Bhochtaineacht*.

Brian Duncan
Cathaoirleach

» Cuid 1

Foramharc Bliantúil





Ó STRAITÉIS GO GNÍOMH

Cuimsiú Sóisialta a Chur i bhFeidhm

Vision without action is merely a dream
Action without vision is merely passing time
Vision with action can change the world

- **Nelson Mandela**



1 Réamhrá

Tá an t-am ann chun tionchar cinntitheach a dhéanamh ar bhochtaineacht in Éirinn. I mbliana beidh Plean Gnímh Náisiúnta úr in aghaidh Bochtaineachta agus Eisiata Sóisialta, Plean Forbartha Náisiúnta úr 7 mbliana, agus Comhaontú Náisiúnta úr againn. Leagfaidh na trí cháipéis seo amach an treoir straitéiseach, spriocanna, tiomantais pholasaí agus acmhainní chun dul i ngleic le bochtaineacht. Is é an fíordhúshlán a bheidh ann ná a chinntiú go gcuirfear na tiomantais seo i bhfeidhm agus go mbeidh torthaí níos fearr ann do dhaoine faoi bhochtaineacht agus eisiámh sóisialta. Má tá sé seo le tarlú beidh roinnt rudaí de dhíth:

- » Cuspóirí ar laghdú bochtaineachta agus eisiata sóisialta a chur isteach i ngach réimse de pholasaí Rialtais (príomhshruthú ar chuimsiú sóisialta);
- » Spriocanna ardaidhmeannacha ar laghdú bochtaineachta a leagan amach ach iad a bheith inréadaithe;
- » Struchtúir agus acmhainní a sholáthar chun a chinntiú go ndéantar gach polasaí agus gach clár a sheachadadh; agus
- » Monatóireacht agus luacháil a dhéanamh ar thionchar polasaí.

2 Príomhshruthú Ar Chuimsiú Sóisialta¹

Cad é a chiallaíonn príomhshruthú ar chuimsiú sóisialta?

Is éard atá i gceist le príomhshruthú ar chuimsiú sóisialta ná comhtháthú de chuspóirí bochtaineachta agus cuimsithe sóisialta, lena n-áirítear peirspictíocht chomhionannais, isteach i ngach réimse agus leibhéal déanta polasaithe agus cuirtear é sin chun cinn trí rannpháirtíocht comhlachtaí poiblí, comhpháirtithe sóisialta, NGOanna agus gníomhaithe ábhartha eile.

Príomhshruthú i dtrimthriall an pholasaí

Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí príomhshruthú an chuimsithe shóisialta isteach i ngach réimse den pholasaí náisiúnta chun go mbainfí amach an sprioc maidir le deireadh a chur le bochtaineacht agus eisiámh sóisialta. Is réimse an-dúshlánach é an príomhshruthú ar chuimsiú sóisialta i ndéanamh polasaithe, a éilíonn tiomantas

1 Tá an mhír seo den fhoramharc bunaithe ar obair arna dhéanamh ag Comhrac na Bochtaine ar thionscadal arna mhaoiniú ag an AE dar teideal *Better Policies, Better Outcomes – Promoting Mainstreaming Social Inclusion*, féach www.europemsi.org

ar fud na gcomhlachtaí Stáit uile chomh maith le bainteach na NGOanna agus eagraíochtaí ionadaíocha ar ghrúpaí atá i mbaol bochtaineachta. Is é an dúshlán atá ag lucht déanta polasaithe ná bealaí a sholáthar chun príomhshruthú ar chuimsiú sóisialta, mar phróiseas polasaí, a ionchorprú isteach sna struchtúir pholaitiúla agus riaracháin atá ann cheana ag gach leibhéal rialtais.

Tá príomhshruthú tábhachtach sa timthriall polasaí mar go gcuireann sé deiseanna ar fáil do dhaoine a bheith bainteach ann, agus dá bharr seo baintear úsáid níos fearr as acmhainní agus seirbhísí agus sonrú cistí poiblí. In Éirinn tá dearadh polasaí ag leibhéal náisiúnta go príomha agus cuirtear an cur i bhfeidhm faoi fheagracht riarthóirí áitiúla a sheachadann seirbhísí laistigh den chreat náisiúnta polasaí foriomlán.

Tá leithdháileadh na n-acmhainní, cibé acmhainní airgeadais nó pearsanta, leis an eolas agus na scileanna ábhartha, do chéimeanna difriúla den timthriall pholasaí tábhachtach má tá le héirí le príomhshruthú an chuimsithe shóisialta. Má leithdáiltear beagán acmhainní nó acmhainní neamhimleor do chur i bhfeidhm an pholasaí, ní bheidh éifeacht ar bith leis.

Bainteach na bpáirtithe leasmhara

Bíonn buntáistí sa phróiseas déanta polasaithe de bharr páirtithe leasmhara a bheith bainteach ann, go háirithe NGOanna agus eagraíochtaí ionadaíocha ar ghrúpaí i mbaol bochtaineachta. I measc na mbuntáistí sin, tá eolas níos leithne, a thagann as rannpháirtíocht níos mó ón bpobal agus torthaí, atá níos oiriúnaí do riachtanais an phobail agus comhionannas sóisialta níos fearr. Tá bainteach níos mó ag leibhéal áitiúil ina bhuntáiste tábhachtach fosta a thagann as déanamh polasaí rannpháirteach. Tá sé seo le feiceáil i dteacht chun cinn comhpháirtithe áitiúla, a chuireann meicníochtaí ar fáil do choigeartú agus cur i bhfeidhm polasaithe náisiúnta.

Gnéithe de phríomhshruthú ar chuimsiú sóisialta

I mbeagán focal, má tá tionchar le bheith ag príomhshruthú ar chuimsiú sóisialta ar dhéanamh polasaithe poiblí agus má tá polasaithe le sprioc an chuimsithe shóisialta a bhaint amach, ní mór na gnéithe a leanas a bheith ann:

- » Tiomantas agus ceannasaíocht pholaitiúil;
- » Comhaontú sóisialta;

- » Comhordú ar fhorbairt pholasaí;
- » Meicníochtaí do bhainteacht na bpáirtithe leasmhara ábhartha go léir; agus
- » Leithdháileadh d'acmhainní imleor, acmhainní airgeadais agus acmhainní pearsanra oilte araon.

Feidhmiú an phríomhshruthaithe

In Éirinn déantar bochtaineacht agus cuimsiú sóisialta a phríomhshruthú isteach i bpolasaí poiblí trí mheasúnú tionchair bochtaineachta. Is éard atá i measúnú tionchair bochtaineachta ná an próiseas trína ndéanann Ranna Rialtais, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí Stáit measúnú ar pholasaithe agus cláir ag céimeanna deartha, cuir i bhfeidhm agus athbhreithnithe maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu, nó an tionchar a bhí acu ar bhochtaineacht nó ar éagothroime a bhféadfadh bochtaineacht a bheith mar thoradh orthu, d'fhonn bochtaineacht a laghdú.

Príomhshruthú ar chuimsiú sóisialta sa bhuiséad bliantúil

Príomh-mheicníocht atá sa Bhuiséad bliantúil maidir le hacmhainní a athdháileadh, agus tá an cumas aige buntáisi a sholáthar do dhaoine faoi

bhochtaineacht agus lagduithe suntasacha ar bhochtaineacht a sholáthar. Rinneadh measúnuithe tionchair bochtaineachta ar an mBuiséad (ar a dtugtar promhadh bochtaineachta chomh maith) le blianta beaga anuas. Tá anailísí déanta ag Comhrac na Bochtaine i ndáil le tionchar na mbeart buiséadach ar an leibhéal bochtaineachta thar roinnt blianta beaga anuas.²

Mar shampla, laghdaigh Buiséad 2006, an leibhéal de bhochtaineacht ioncaim choibhneasta agus sholáthair sé gnóthachain shuntasacha do ghrúpaí ar ioncam íseal. Tharla an toradh dearfa seo de bharr na méaduithe i rátaí leasa, arna thacú ag an bpacáiste do thacaíocht ioncaim leanaí.

³ An Tábhacht A Bhaineann Le Spriocanna Maidir Le Laghdú Ar Bhochtaineacht

Cén fáth a mbíonn spriocanna maidir le laghdú ar bhochtaineacht ann?

Gné thábhachtach is ea an leagan síos de spriocanna do laghdú ar

² Féach www.combatpoverty.ie do *Action on Poverty Today Supplement: Anailís ar an mBuiséad 2006*. Earrach 2006 Uimh. 12

bhochtaineacht d'fhonn an fhís, an tiomantas polaitiúil agus an treoir pholasaí do phríomhshruthú ar chuimsiú sóisialta a chinntiú. Tig le spriocanna ról tábachtach a bheith acu ó thaobh polasaí poiblí a threorú i dtreo spriocanna na sochaí a bhaint amach.³ Léiríonn siad deimhniú poiblí maidir leis an ngá le hathrú agus léiríonn siad tiomantas i ndáil le polasaithe úra a thabhairt isteach chun torthaí ar leith ar laghdú bochtaineachta a bhaint amach. Tig le spriocanna “slógphointe aontais” a chur ar fáil d'fhonn freagairt ilrannach

a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, tá an dainséir ann go mbeidh spriocanna mar spriocanna iontu féin seachas a bheith mar uirlisí chun toradh áirithe sochaí a bhaint amach, agus tá an fhéidearacht ann go mbeadh torthaí ann nach raibh beartaithe. Mar sin, ní mór a bheith cúramach i leagan síos spriocanna.

Leagan síos spriocanna

Maíonn tráchtairí ar leagan síos spriocanna gur cheart go mbeadh spriocanna SMART ie. Sainiúil (Specific), Intomhaiste, (Measurable), Infhaighte, (Achievable), Réalaíoch, (Realistic)

3 Tá an mhír seo den Fhoramharc bunaithe ar pháipéar a ullmhaíodh do Chomhrac na Bochtaine ag Nolan, B. (2006) *Setting Targets to Reduce Health Inequalities*.

Cuspóirí Toraidh Fadtéarmacha, Ardleibhéil don tSochaí

m.sh. Laghdú ar bhochtaineacht ioncaim choibhneasta



Cuspóir Toraidh Meántéarmach

m.sh. Bochtaineacht a laghdú go dtí meán an AE



Bearta Polasaí

m.sh. Rátaí leasa shóisialaigh a ardú ag teacht le pána

m.sh. Tacaíocht d'ioncam leanaí a ardú



Táscairí Feidhmiúcháin ag Leibhéal Náisiúnta agus Áitiúil

m.sh. Leibhéal de bhochtaineacht loncaim in Éirinn mar iomlán, ag leibhéal Contae nó do ghrúpaí áirithe atá soghonta

agus Am-bhainteach, (Time-related). Ba cheart go mbainfeadh spriocanna le baint amach torthaí chomh maith. Is í an aidhm is tábhachtaí agus an réasúnacht de leagan síos spriocanna ná cuspóir sochaí a bhaint amach, cosúil le deireadh a chur le bochtaineacht, agus tá a lán bealaí ann chun seo a dhéanamh. Nuair a déantar an aidhm don tsochaí a shonrú, is gá ansin na bealaí ina bhfuil sí le baint amach a leagan síos. Mar sin, ba cheart na cuspóirí sochaí fadtéarmacha, ardleibhéil agus dírithe ar thoradh a thacú trí spriocanna, atá tacaithe ag polasaithe ansin, agus cur i bhfeidhm agus dul chun cinn á measúnú trí tháscairí feidhmiúcháin ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil, mar a léirítear thíos.⁴

Tá monatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn tábhachtach de bharr gur cuspóir fadtéarmach atá anseo agus glacfaidh sé am chun é a bhaint amach. Go sonrach, beidh moilliú ann ón am a chuirfear an polasaí i bhfeidhm go dtí go mbainfear amach an toradh atáthar ag lorg. Lena chois sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchair ón taobh amuigh agus roinnt torthaí nach raibh beartaithe agus mar sin tá gá monatóireacht leanúnach a dhéanamh chun iad seo a aimsiú sa dóigh go dtig polasaithe a choigeartú dá réir.

Sa chomhthéacs seo tá cur chuige caisealta i ndáil le leagan

síos spriocanna úsáideach m.sh. nuair a bhíonn tú ag iarraidh feabhas absalóideach a fheiceáil ag pointe áirithe ama, chomh maith le feabhas ábhartha maidir leis an gcuid eile den daonra, nó feabhas thar am, nó feabhas maidir le réigiúin/tíortha eile. Tacaíonn seo leis an argóint atá ann i ndáil le spriocanna laghdaithe bochtaineachta comhsheasmhacha agus ábhartha a leagan síos. Éilíonn sonraíocht spriocanna go sainaitheáir táscairí feidhmiúcháin agus go bhfuil sonraí ar fáil chun athrú thar am a thomhas.

Nuair a chuimsítear cuimsiú sóisialta i bhforbairt pholasaí ar fud an rialtais agus nuair a leagtar síos spriocanna do laghdú bochtaineachta is é an príomhdhúshlán a bheidh ann ná na polasaithe a chur i bhfeidhm sa dóigh go mbaintear amach na torthaí atáthar ag lorg.

4 An Dúshlán A Bhaineann Le Cur I Bhfeidhm Polasaithe

“Tá meoin measartha leathan ann go bhfuil fadhb ghnímh nó ‘cuir i bhfeidhm’ os comhair rialachas poiblí na hÉireann. D’fhonn dul i ngleic leis seo, tá sé riachtanach an téarma ‘cur i bhfeidhm’ a nochtadh. Is cosúil go bhfuil ceithre fhadhb ghinearálta, ach éagsúil i gceist:

» Fadhb le heaspa cinnidh;

4 Oiriúnaithe ó Nolan, B op cit

- » Fadhb d'fhorghníomhú lag ag ranna agus gníomhaireachtaí
- » Fadhb le heaspa eolais faoin mbealach ina bhfuil an polasaí ag obair; agus
- » Fadhb le friotaíocht nó coinbhleacht neamhréitithe a chuireann stop le cur i bhfeidhm⁵

Tá dúshlán fós ag baint le seachadadh polasaithe na hÉireann ar a dtugtar “bearna an chuir i bhfeidhm” corruair. Tá sé seo le feiceáil i réimse an laghdaithe ar bhochtaineacht. Cé go dtig inbhealaí a dhéanamh trí pholasaí leasa shóisialaigh, mar a léirítear in anailís an bhuiséid thuas, tá gá le freagairt thras-rannach i ngach réimse mar go mbíonn tionchar ag polasaí

ar dhaoine faoi bhochtaineacht m.sh. oideachas, sláinte, tithíocht, iompar. Uaidh sin, tá gá cuimsiú sóisialta a phríomhshruthú. Is é an dúshlán atá le ‘comhchur’ chuige a chur i bhfeidhm ná ranna aonair a thabhairt le chéile, lena gcuspóirí, aidhmeanna agus buiséid féin, chun oibriú le chéile, lena ngníomhaireachtaí áitiúla féin chun tiomantais pholasaí a sheachadadh. Is cosúil go bhfuil roinnt gnéithe de dhíth má tá sé seo le tarlú:

- » Tiomantais a leagan amach i gcreat comhoibritheach, comhaontaithe;
- » Rólanna agus freagrachtaí a shoiléiriú;
- » Cumarsáid níos fearr;
- » An obair seo a fhorbairt isteach i gcórais bhainistíochta fheidhmíochta;

5 National Economic and Social Council (2005) NESC Strategy 2006: People, Productivity and Purpose No 11, Dublin.

Toradh Ardleibhéil don tSochaí m.sh. Bochtaineacht ioncaim choibhneasta a laghdú

Sprioc m.sh. Bochtaineacht Ioncaim Choibhneasta a laghdú go dtí meán an AE	Táscairí chun dul chun cinn a thomhas eg. I mbaol bochtaineacht; marthanacht bhochtaineachta		Bearta Polasaithe		
			Fostaíocht	Eacnamaíoch	Cáin
		Bearta atá ann cheana			
		Bearta úra			
		Breis acmhainní			
		Gníomhaireacht fhreagrach			

“ Chun torthaí níos fearr a bhaint amach do dhaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht in Éirinn tá sé ríthábhachtach go mbrúimid ar aghaidh trí phleananna náisiúnta a chur i bhfeidhm.”



Helen Johnston

Stiúrthóir

Tá sannadh rólanna agus freagrachtaí fíorthábhachtach chun cur i bhfeidhm a chinntiú. I gcleachtas, comhaontaítear cuspóirí ag leibhéal ard go minic ach ní bhíonn an ghníomhaireacht agus an pearsanra atá freagrach go díreach as cur i bhfeidhm an pholasaí nó an chláir sannta go soiléir. Seo é an cás do réimsí polasaí “trasghearrtha” go háirithe. Soláthraíonn cuid de Straitéisí Forbartha na Cathrach agus an Chontae samhlacha maithe maidir le rólanna agus freagrachtaí nuair a bhíonn gníomhaireachtaí sainiúla sannta chun páirteanna éagsúla den straitéis a sheachadadh, go haonair nó go comhchoitianta.

Tig uirlis a úsáid anseo agus, sé sin, bainistíocht líonra. Éascaíonn an cur chuige seo cinnteoireacht idirghníomhach agus chomhoibritheach trí oibriú trí líonraí lucht déanta polasaithe agus lucht seachadta polasaithe, go minic trí ghrúpaí oibre tras-rannacha. Tig bainistíocht líonra a úsáid nuair a bhíonn fadhbanna casta le dul i ngleic leo ina mbíonn ar roinnt gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí oibriú le chéile chun dul i ngleic leis na ceisteanna, i nuair a bhíonn comhspleáchais i gceist.



Cumarsáid

Tá an chumarsáid ina príomhpháirt de phróiseas an chuir i bhfeidhm, cé go ndéantar faillí uirthi go minic. Mura gcuirtear na cuspóirí ardleibhéil in iúl go soiléir don ghníomhaireacht seachadta is cosúil nach mbeifí ábalta na cuspóirí a bhaint amach. Ba é seo an cás maidir le cur i bhfeidhm na gcuspóirí cuimsithe sóisialta sa Plean Forbartha Náisiúnta. Bhí cuimsiú sóisialta ar cheann de cheithre chuspóir an phlean agus bhí raon de bhearta sonraithe aige laistigh den phlean agus bhí sé le cur san áireamh sa chuid is mó de na bearta a sheachadadh sa phlean chomh maith (an

prionsabal cothrománach). Cé go raibh cuimsiú sóisialta mar chuspóir ardleibhéil ba léir nach raibh na daoine a bhí freagrach as an gcuspóir seo a sheachadadh (bainisteoirí beart) eolach faoin ngá cuimsiú sóisialta a chur san áireamh, agus má bhí siad eolach faoi, ní raibh a fhios acu cén dóigh lena dhéanamh, nó ní raibh siad eolach faoin bpríomhuirlis polasaí sa réimse seo, An Plean Gnímh Náisiúnta in Aghaidh Bochtaineachta agus Eisiata Sóisialta. Bhí an toradh níos fearr as a bheith ag obair leis na “bainisteoirí beart” maidir le hacmhainní agus idirghabhálacha a dhíriú ar cheantair faoi

mhíbhuntáiste agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus bhí roinnt torthaí tairbhiúla le feiceáil.

Córais Bhainistíochta Fheidhmíochta

Tá gá cuspóirí cuimsithe sóisialta a bhaintear amach trí oibriú comhoibritheach a fhorbairt isteach i gcórais eagrúcháin agus córais aonair bhainistíochta fheidhmíochta. Deirtear go minic “go ndéantar an rud a thomhastar” agus má bhíonn cuspóirí cuimsithe sóisialta mar pháirt de phlean feidhmíochta dhaoine aonair, ina ndéantar iad a mheasúnú, tá níos mó de chosúlacht ann go dtabharfaidh siad aird ar sheachadadh an chuimsithe shóisialta. Cumasaíonn córas bainistíochta feidhmíochta measúnú ar inniúlachtaí agus oiliúint agus forbairt thacaithe, sa dóigh má dhéantar riachtanais den sóirt seo a shainaitheint maidir le cuimsiú sóisialta tig dul i ngleic leo ar bhealach struchtúrtha. Rinneadh buntáistí an chuir chuige seo a shainaitheint in obair leis na húdaráis áitiúla ar chuimsiú sóisialta. Ba chóir go mbeadh feidhm aige ar fud eagraíochta mar go minic is í an fhoireann tosaigh a bhíonn mar “aghaidh phoiblí” ar eagraíocht agus d’fhéadfadh an dóigh a gcaitheann siad lena gcustaiméirí a bheith ríthábhachtach maidir le fáil a bheith ag daoine ar a sochair agus a dteidlíochtaí.

Cur Chuige Bhainistíocht Tionscadal a Ghlacadh

“Tá cultúr bainistíochta láidir tionscadal fíorthábhachtach do chur i bhfeidhm polasaí rialtais atá éifeachtúil agus éifeachtach”. Seo é cur chuige Aonad Feidhmiúcháin Chomh-Aireacht Rialtas na hAstráile a bunaíodh i 2003, i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile, chun athleasú córasach a lorg i ndáil leis an mbealach ina ndéantar polasaithe rialtais a chur i bhfeidhm, agus chun cuidiú seachadadh tiomanta agus éifeachtúil phríomhchinní rialtais a chinntiú.

Úsáidtear cur chuige bhainistíocht tionscadal in a lán gairmeacha beatha agus go bunúsach bíonn na gnéithe seo a leanas i gceist:

- » Scóip – an cuspóir, freagracht, mórthascanna, critéir ratha, tairbhíthe/sochair beartaithe;
- » Briseadh síos na hoibre – céimeanna oibre, amlínte, freagracht bhainistíochta;
- » Maoiniú – rolladh amach inseachadtaí agus costais bhainteacha;
- » Bainistíocht Rioscaí – príomhrioscaí, an chosúlacht go dtarlódh siad agus an tionchar a d’fhéadfadh a bheith acu, straitéisí maolaithe;

- » Bainteacht pháirtithe leasmhara – liosta de na príomhpháirtithe leasmhara agus straitéis do chomhchomhairle agus bainteacht;
- » Acmhainní – liosta de na hacmhainní tábhachtacha agus straitéis chun gach ceann acu a fháil agus a bhainistiú;
- » Conraitheoireacht agus soláthar– plean – soláthar agus straitéis chun comhaontuithe a dhaingniú agus a bhainistiú; agus
- » Deimhniú cáilíochta – straitéis monatóireachta agus luachála.⁸

D'fhéadfaí a leithéid de chur chuige a úsáid i seachadadh de bhearta trasghearrtha cuimsithe sóisialta.

5 Monatóireacht Agus Luacháil

Ar deireadh, tá monatóireacht agus luacháil an-tábhachtach chun an dul chun cinn atá á dhéanamh agus an méid ina laghdaíodh bochtaineacht agus ina bhfuil feabhas curtha ar bheathaí agus deiseanna beatha na ndaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht a shainithint.

D'fhonn monatóireacht agus luacháil a bheith éifeachtúil, caithfear nasc soiléir a dhéanamh ó thús idir na straitéisí náisiúnta, seachadadh ag leibhéal áitiúil, agus an t-aiseolas chuig leibhéal náisiúnta. Ní mór go mbeadh roinnt gnéithe maidir leis seo ann: Ina measc:

- » Ionadaithe do dhaoine faoi bhochtaineacht agus úsáideoirí seirbhíse a bheith bainteach i ndearadh tosaigh an pholasaí;
- » Sainithint de tháscairí cuí, tacaithe ag sonraí chun monatóireacht a dhéanamh ar athrú thar am; agus
- » Luacháil a dhéanann measúnú ar tionchar an pholasaí ar thairbhíthe beartaithe. Ba chóir go mbeadh ionadaithe do dhaoine faoi bhochtaineacht agus úsáideoirí seirbhíse bainteach sa chineál seo luachála.

Úsáidtear samhail cosúil leis seo i monatóireacht agus luacháil an Phlean Forbartha Náisiúnta, trí Choistí Monatóireachta. Cé go bhfuil an cur chuige seo úsáideach d'fhéadfadh feabhas a chur ar na Coistí Monatóireachta trí chuid de na ceanglais tuairiscithe uimhriúla agus airgeadais a shruthlíniú, iad a bheith níos comhairlí agus ról níos mó a bheith acu i measúnú a dhéanamh ar thionchar luachála polasaí. Trí dhea-chleachtas a roinnt tig buntáistí dearfacha a bheith ann mar pháirt den chreat luachála. Soláthraíonn an Coiste

⁸ Bunaithe ar chur chuige uile-rialtais Rialtas na hAstráile maidir le bainistíocht tionscadal, op cit.

Monatóireachta ar Shíocháin ceann de na samplaí is fearr maidir le buntáistí an chuir chuige seo.

6 Conclúidí

Sainnithníonn an Foramharc seo an gá atá ann díriú ar chur i bhfeidhm pholasaithe chun torthaí níos fearr a bhaint amach do dhaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht in Éirinn. Tá moltaí déanta maidir leis an mbealach ina bhféadfaí cur i bhfeidhm polasaithe a fheabhsú: na tiomantais a leagan amach i gcreat comhoibritheach, comhaontaithe; rólanna agus freagrachtaí a shoiléiriú; cumarsáid níos fearr; an obair seo a fhorbairt isteach i gcórais bhainistíochta fheidhmíochta; cur chuige bhainistíocht ionscadal a ghlacadh; agus monatóireacht agus luacháil.

Ba chóir go mbeadh cur chuige an chuir i bhfeidhm tacaithe trí chuimsiú sóisialta a phríomhshruthú isteach i ngach polasaí rialtais, trí mheasúnú tionchair polasaí, ina mbeadh na páirtithe leasmhara ábhartha bainteach agus cuspóirí agus spriocanna toraidh sochaí ardleibhéil a leagan síos.

Tá an deis againn an cur chuige seo a ghlacadh anois, tríd an gComhaontú Náisiúnta


Comhpháirtíochta, an Plean Gnímh Náisiúnta in aghaidh Bochtaineachta agus Eisiata Sóisialta agus an Plean Forbartha Náisiúnta. Mar a luaigh an OECD le deanaí “Is fianaise iad bochtaineacht agus éagothroime de shochaí neamhéifeachtúil, a chuireann acmhainní daonna, deiseanna agus deiseanna beatha amú, agus ní hamháin go bhfuil an cliseadh dul i ngleic le bochtaineacht agus éagothroime lochtach go sóisialta ach cuirfidh sé isteach ar an gcumas forbairt eacnamaíoch a choinneáil ar feadh blianta le teacht” .⁹

Bíonn tionchar ag bochtaineacht agus eisiadh sóisialta ar an tsochaí go léir le cois go mbíonn saol cruá ag na daoine aonair agus na grúpaí a dtéann siad i bhfeidhm orthu go díreach. Uaidh sin, tá sé fíorphráinneach go mbrúimid ar aghaidh trí chur i bhfeidhm ár bpleananna agus ár straitéisí náisiúnta.

Is féidir le
fís agus
gníomhaíocht
le chéile an
domhan a athrú

» Cuid 2

Obair na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine



Cuireadh Plean Straitéiseach trí bliana Chomhrac na Bochtaine do 2003-2005 i gcrích i 2005, agus cuireadh tús le plean eile *'Ag obair d'Éirinn Saor ó Bhochtaineacht'*, a leanfaidh ar aghaidh go dtí 2008. Seo é an seachtú plean straitéiseach curtha i láthair ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine agus cuimsíonn sé trí phríomhchuspóir straitéiseacha:

Dáileadh Ioncaim agus Jabanna


- » D'fhonn dáileadh cothrom d'ioncam agus d'fhostaíocht a chur chun cinn a sholáthraíonn comhairle fhianaise-bhunaithe ar pholasaithe cánach, leasa agus fostaíochta

Rochtain ar Sheirbhísí Ardchaighdeáin

- » Moltaí do pholasaithe a fhorbairt agus a chur chun cinn do dhaoine faoi bhochtaineacht d'fhonn rochtain a bheith acu ar sheirbhísí ardchaighdeáin sláinte agus oideachais

Freagairtí Áitiúla agus Réigiúnacha ar Bhochtaineacht

- » Tacaíocht a thabhairt d'fhreagairtí áitiúla agus réigiúnacha ar bhochtaineacht, lena n-áirítear limistéir teorann a dtéann Coinbhleacht



Thuaisceart Éireann i bhfeidhm orthu

» Deireadh a chur le Bochtaineacht Leanaí

Cuireann roinnt de ghníomhaíochtaí agus tionscnaimh taca faoi bhaint amach na gcuspóirí seo, cuid acu a bhaineann le cuspóir singil agus cuid eile acu a thrasghearrann na trí cinn. Soláthraíonn an mhír seo den tuarascáil foramharc de na gníomhaíochtaí seo, ar a n-áirítear:

- » Dul i nGleic le hÉagathroime Sláinte
- » Tacú le Polasaithe Frithbhochtaineachta
- » Comhairle Fhianaise-bhunaithe ar Pholasaithe a Sholáthar

Ba iad na forbairtí suntasacha a rinneadh le linn na chéad bhliana den phlean straitéiseach ná:

- » Feasacht athnuachana agus tiomantas an phobail maidir le dul i ngleic le bochtaineacht leanaí in Éirinn, a tháinig as moltaí arna dhéanamh ag Comhrac na Bochtaine ina ráiteas, Deireadh a Chur le Bochtaineacht Leanaí.
- » Foilsiú *Mapping Poverty: National, Regional and County Patterns*, a thug léargais úra isteach i ndáileadh bochtaineachta ar fud na hÉireann, lena n-áirítear bearta bochtaineachta ag leibhéal údaráis áitiúil don chéad uair.
- » Cur i gcrích tionscadail eorpaigh arna stiúradh ag Comhrac na Bochtaine chun tuiscint de agus forbairt d'uirlisí praiticiúla a chur chun cinn d'fhonn cuimsiú sóisialta a phríomhshruthú ar fud polasaithe náisiúnta uile.
- » Comhaontú maidir le Clár Rialtais Áitiúil a phríomhshruthú, a chuir Comhrac na Bochtaine tús leis i 1999 chun tacú le húdaráis áitiúla straitéisí áitiúla frithbhochtaineachta a fhorbairt.



- » Taighde ar Bhochtaineacht a Chur Chun Cinn
- » Feasacht an Phobail ar Bhochtaineacht a Spreagadh
- » Dul i gCion ar Fhreagairtí Aitiúla agus Réigiúnacha ar Bhochtaineacht
- » Éifeachtúlacht agus Éifeachtacht Eagrúcháin a Neartú

Deireadh A Chur Le Bochtaineacht Leanaí

De dheasca go bhfuil thart ar 100,000 ag maireachtáil fós faoi bhochtaineacht chomhseasmhach, lean dul i ngleic le Bochtaineacht Leanaí de bheith mar phríomhthosaíocht ag Comhrac na Bochtaine, agus spreag sé tionscnaimh éagsúla le linn 2005.

Straitéis Pholasaí um Dheireadh a Chur le Bochtaineacht Leanaí

Lainseáil an tAire Gnóthaí Sóisialacha, Séamus Brennan TD, Ráiteas Polasaí na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine um Dheireadh a Chur le Bochtaineacht Leanaí, agus rinneadh é a scaipeadh go forleathan ar lucht déanta polasaithe, na meáin agus páirtithe leasmhara eile. Ag baint úsáide as taithí idirnáisiúnta agus obair a rinne Comhrac

na Bochtaine roimhe seo, shainaithnigh an foilseachán seo polasaithe ar éirigh leo ardleibhéil de bhochtaineacht leanaí ar fud 22 tír ECFE a laghdú.

Staidéar ar an Diminic de Bhochtaineacht Leanaí

Choimisiúnaigh Comhrac na Bochtaine staidéar¹⁰ ina dhiaidh sin chun an dinimic de bhochtaineacht leanaí a scrúdú. Breathnaíonn sé seo ar na próisis a thugann ar leanaí athrú isteach agus amach ó bhochtaineacht, agus rachaidh sé i gcion ar mholtaí do pholasaí sa todhchaí maidir leis an mbealach ina dtig díriú níos fearr ar bhochtaineacht leanaí sa todhchaí. Foilseofar an tuarascáil i mí na Bealtaine 2006.

Moltaí ar Thacaíocht Ioncaim do Leanaí

Mar fhreagairt ar iarratas ón Aire Gnóthaí Sóisialacha, Séamus Brennan TD, rinne Comhrac na Bochtaine aighneacht i ndáil le tacaí d'ioncam do leanaí, ag leagan amach moltaí ar an mbealach le hacmhainní a leithdháileadh chun bochtaineacht

10 *Day In, Day Out: Understanding the Dynamics of Child Poverty*, Richard Layte, Bertrand Maitre, Brian Nolan agus Christopher T Whelan, An Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine 2006.

leanaí a laghdú. Glacadh le roinnt de na moltaí ina dhiaidh sin i mBuiséad 2006

Deireadh le Bochtaineacht Leanáí - Comhfhreagracht

Cuireadh moltaí eile do pholasaí i ndáil le bochtaineacht leanaí i láthair i ráiteas Foramhairc Bhliantúil a bhí istigh le Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine do 2004. Thug *Deireadh le Bochtaineacht - Comhfhreagracht* chun suntais an gá tús áite a thabhairt do dheireadh a chur le bochtaineacht leanaí go náisiúnta, agus mhol sé straitéis náisiúnta a fhorbairt a thacódh le gach earnáil de shochoaí na hÉireann, lena n-áirítear an Rialtas, comhpháirtithe sóisialta, an tsochaí shibhialta agus an pobal i gcoitinne.

Dul I Ngleic Le Héagothroime Sláinte

Tá dul i ngleic le héagothroime sláinte mar phríomhthosaíocht ag Comhrac na Bochtaine faoin bplean straitéiseach reatha. Le linn 2005, dhírigh gníomhaíochtaí chun tacú leis an gcuspóir seo ar na snáithí oibre seo a leanas.

An Clár Ag Forbairt Pobal Sláintiúil

Tríd an gClár Ag Forbairt Pobal Sláintiúil, spreagann Comhrac na

Bochtaine daoine atá imeallaithe agus eisiata chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí d'fhonn feabhas a chur ar a gcuid torthaí sláintiúla féin. Le linn 2005, rinneadh maoiniú a leithdháileadh ar dheich ngrúpa chun dul i ngleic le raon d'éagothroime, lena n-áirítear bochtaineacht, stiogmú, leithlis, agus rochtain ar sheirbhísí sláinte.

Rinneadh maoiniú de €245,770 a leithdháileadh i measc na ngrúpaí a leanas: Cairde, Scitsifréine na hÉireann, Cumann Bhodhair na hÉireann, Grúpaí Fatima Comhaontaite, OPEN, Grúpa Tacaíochta Lucht Siúil na Gaillimhe, CAN agus NICHE, Comhpháirtí Uíbh Fhailí Thiar, Tionscadal Speisialta do Dhífhostaíocht Fhadtéarmach, Tamhlacht, Grúpa Tacaíochta do Dhídeanaithe na Gaillimhe. Fuarthas eolas leanúnach ó na tionscadail seo trí chruinnithe líonraithe, taighde agus luachálacha, agus úsáideadh í chun dul i gcion ar na polasaithe ábhartha trí na tionscnaimh seo a leanas:

- » Tharraing cruinniú comhchéime a thionóil Comhrac na Bochtaine chun imscrúdú a dhéanamh ar an mbealach a bheadh eispéiris na dtionscadal maoinithe faoin gclár Ag Forbairt Pobal Sláintiúil ábalta dul i gcion ar pholasaí, a lán daoine.
- » Foilsíodh páipéar dar teideal *Community Participation*

“ Tá sé mar aidhm ag cur chuige forbartha pobail maidir le sláinte dul i ngleic le bunchúiseanna drochshláinte, lena n-áirítear bochtaineacht, míbhuntáiste oideachais, dífhostaíocht, leithlisiú sóisialta agus riochtaí imleor maireachtála.”



Elaine Houlihan

Oifigeach Tionscadal

and Primary Care: Learning from the Building Healthy Communities Programme, a chuir béim ar an luach a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail i ndul i ngleic le riachtanais chúraim phríomúil na bpobal faoi mhíbhuntáiste, do na pobail iad féin agus don tseirbhís sláinte araon.

- » Foilsíodh *Tackling Health Inequalities: A Community Development Approach* ag tabhairt achoimre ar fhoghlaim ó Chéim 1 den Tionscadal Ag Forbairt Pobal Sláintiúil.
- » Coimisiúnaíodh luacháil fhoirmitheach den dara céim

den Chlár Ag Fobairt Pobal Sláintiúil chun measúnú a dhéanamh ar an méid a bhfuiltear ag dul i ngleic le haidhmeanna agus cuspóirí an Chláir agus chun ceachta a thógáil do pholasaí agus cleachtas a eascraíonn as an gclár.

NAPS agus Sláinte

Lean Comhrac na Bochtaine de bheith rannpháirteach i nGrúpa Oibre Sláinte na Straitéise Náisiúnta Frithbhochtaineachta (NAPS), a thionóil an Roinn Sláinte agus Leanaí. Is é an tasc atá ag an ngrúpa seo ná dul i gcion ar



fhorbairt agus baint amach na spriocanna sláinte i NAPS. Mar chuid den méid a chuir Comhrac na Bochtaine le hobair an ghrúpa seo, comhfhoilsigh Comhrac na Bochtaine bróisiúr leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Oifig um Chuimsiú Sóisialta agus an Institiúid Sláinte Phoiblí dar teideal *Health Services and the National Anti-Poverty Strategy* d'fhonn feasacht a spreagadh i measc seirbhísí náisiúnta sláinte NAPS.

D'fhonn dul i gcion ar obair Ghrúpa Oibre Sláinte NAPS¹¹ i ndáil le hullmhú don Plean Gnímh Náisiúnta úr in aghaidh Bochtaineachta agus Eisiata Sóisialta (NAP/Cuimsiú) thionóil Comhrac na Bochtaine comhdháil d'oifigigh sláinte agus grúpaí frithbhochtaineachta chun smaointeoireacht a chur ar aghaidh ar *Target Setting to Reduce Health Inequalities and Poverty*. Seo é an chéad seimineár i sraith de chúig

11 Bhunaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí Grúpa Oibre Sláinte NAPS agus tá ról comhairleach aici maidir le cur i bhfeidhm na beart chun spriocanna sláinte NAPS a bhaint amach.



seimineár ar shláinte dar teideal ‘Tá an Bochtaineacht Olc do do Shláinte’. Rinneadh cainteanna a dhoiciméadú i dtuarascáil chomhdhála, agus rinneadh cáipéis ar phlé polasaí i ndiaidh na comhdhála, chun dul i gcion ar pholasaí sa todhchaí i ndáil le dul i ngleic le héagothroime sláinte.¹²

Taighde ar Shláinte

In 2005, choimisiúnaigh Comhrac na Bochtaine staidéar ar

12 *Setting Health Targets to Reduce Poverty and Health Inequalities*, Prof. Brian Nolan, An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine 2006.

bhochtaineacht, stádas sláinte agus rochtain ar Dhochtúirí Teaghlaigh. Déanfaidh an staidéar measúnú ar úsáid an GP agus seirbhísí bainteacha ar fud an daonra, lena n-áirítear ról na Seirbhísí Ginearálta Leighis (SGL).

Tionscadal Íoschaighdeáin an AE

Tá Comhrac na Bochtaine ina Chomhpháirí i dtionscadal AE maoinithe ar íoschaighdeáin an AE, stiúrtha ag Líonra Frithbhochtaineachta na hEorpa a thosaigh dhá bhliain ó shin. Tá Comhrac na Bochtaine ag forbairt dhá pháipéar faoi láthair ar íoschaighdeáin sóisialta, ceann

“ Is príomhchuspóir é ag Ballstáit an AE cuimsiú sóisialta a phríomhshruthú isteach i ndéanamh polasaithe poiblí san iarracht i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiata shóisialta.”

Kevin O’Kelly

Comhordaitheoir Tionscadal AE

ar shláinte agus an ceann eile ar leorgacht ioncaim lena phlé ag comhdháil tionscadail in 2006.

Cinntithigh Sóisialta Sláinte

Is iad na naisc idir cinntithigh sóisialta agus sláinte is cúis le torthaí drochshláinte na ndaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht. In 2005, bhí Comhrac na Bochtaine bainteach i roinnt tionscnamh chun tuiscint a threisiú agus chun athruithe ar pholasaí a spreagadh maidir leis an gceist seo. Beidh comhdháil chun feasacht a spreagadh i ndáil le cinntithigh sóisialta sláinte ann in 2006.

Bochtaineacht Bia agus Polasaí

D’oibrigh Comhrac na Bochtaine i gcomhpháirtíocht le Crosscare agus Cumann Naomh Uinseann de Pól chun moltaí polasaí a tháinig chun cinn as staidéar 2004 ar ‘Bhochtaineacht Bia agus Polasaí’ a chur chun cinn. Rinneadh cuir i láthair chuig:

- » Comhchoiste an Oireachtais ar Fhiontair agus Mionghnó
- » Bainisteoirí Pobail, An tAonad um Chur Chun Cinn na Sláinte, an Roinn Sláinte agus Leanaí

- » An Straitéis Comhairliúcháin Náisiúnta um Bia agus Cothú, an Roinn Sláinte agus Leanaí.

In éineacht le Crosscare agus Cumann Naomh Uinseann de Pól dhréachtaigh Comhrac na Bochtaine aighneacht maidir leis an moladh an t-ordú um earraí grósaera a aisghairm.

Pléadh staidéar féideartha i ndáil le líonra do bhochtaineacht bia ag seimineár i mí Aibreáin 2005, agus ina dhiaidh sin bunaíodh tionscnamh ‘*Bia Sláintiúil Do Gach Uile Dhuine*’ a fuair tacaíocht ó eagraíochtaí éagsúla sna n-earnálacha poiblí, deonacha agus príobháideacha.

Ag Tabhairt Tacaíochta Do Pholasaithe Frithbhochtaineachta

D’fhonn go n-oibreoidh bearta frithbhochtaineachta, tá gá le polasaithe náisiúnta agus creataí feidhmiúcháin atá éifeachtúil chun a chinntiú go gcoinnítear fócas ar cheisteanna tosaíochta. Le linn 2005, d’oibrigh Comhrac na Bochtaine go dlúth le ranna Rialtais, an Oifig um Chuimsiú Sóisialta, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí stáit chun tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm polasaithe frithbhochtaineachta in Éirinn.

An Plean Gnímh Náisiúnta in aghaidh Bochtaineachta agus Cuimsithe Sóisialta (NAP/Cuimsiú) 2006 - 2008

Chuir Comhrac na Bochtaine méid ollmhór leis an gcomhchomhairle ar an gcéad Phlean Gnímh Náisiúnta eile in aghaidh Bochtaineachta agus Cuimsithe Sóisialta (NAP/Cuimsiú) do 2006-2008. Thionóil sé roinnt seimineár téamach comhairliúcháin náisiúnta chun dearcaí a léiriú maidir le leasa frithbhochtaineachta, agus sholáthair sé tacaíocht straitéiseach agus riaracháin do sheimineáir chomhairliúcháin réigiúnacha agus don Fhóram um Chuimsiú Sóisialta.

Rinne Comhrac na Bochtaine aighneacht mhionsonraithe leis an Oifig um Chuimsiú Sóisialta ag leagan amach a mholtaí maidir leis an NAP/Cuimsiú úr.

Le haghaidh plean gnímh náisiúnta úr a ullmhú chomh maith, chuir Comhrac na Bochtaine tús nó chuidigh siad i roinnt tionscadal chun tacú le forbairt spriocanna agus táscairí frithbhochtaineachta bríomhara, lena n-áirítear:

- » Comhdháil a thionól do lucht déanta polasaithe agus cleachtóirí ó na hearnálacha frithbhochtaineachta agus sláinte chun cainteanna a chur ar aghaidh ar *Setting Health Targets to Reduce Health Inequalities*.

- » Rannpháirtíocht i seimineár saineolaithe chun táscairí a úsáideadh chun bochtaineacht chomhseasmhach a thomhas agus spriocanna chun bochtaineacht a lagdú a chur i gcion ar athbhreithniú Rialtais.
- » Tús a chur le tionscadal chun táscairí cuí neamh-airgeadraíochta chun tionchar na bpolasaithe frithbhochtaineachta a thomhas a shainaitheint. Thacódh an cineál seo táscairí le monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí bochtaineachta laistigh de NAP/Cuimsiú.
- » A bheith rannpháirteach in athbhreithniú OSI-stiúrtha ar Phromhadh Bochtaineachta chun tionscadal ar phromhadh bochtaineachta/comhionannais níos cuimsithí agus níos comhtháite a fhorbairt.

Príomhshruthú ar Chuimsiú Sóisialta

Cuireadh an tionscadal um Phríomhshruthú ar Chuimsiú Sóisialta (MSI) i gcrích in 2005. (D'éirigh le Comhrac na Bochtaine le hiarratas a chuir siad isteach maidir le maoiniú faoi Chlár um Eisiámh Sóisialta an AE chun luacháil eile a dhéanamh ar an tionscadal). Táirgeadh leabhar agus Láithreán Gréasáin, (www.europemsi.org/), a chuireann na huirlisí praiticiúla ar fáil chun cuimsiú

sóisialta a phríomhshruthú ar fud na réimsí polasaí go léir. Sholáthair an tionscadal MSI léargais úra maidir le polasaithe agus struchtúir dea-chleachtais ar fud na hEorpa a bhfuil feabhas curtha acu ar bheatha na ndaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht. Tá an tionscadal mar chuid den Chlár um Eisiámh Sóisialta a bhunaigh Coimisiún na hEorpa chun tacú leis na Ballstáit céimeanna a ghlacadh d'fhonn tionchar cinntitheach a dhéanamh ar dhíothú bochtaineachta faoi 2010.

Monatóireacht ar Threochtaí Bochtaineachta

Is príomhchuid de ról Chomhrac na Bochtaine monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí bochtaineachta agus ceisteanna úra ar bith a thagann chun cinn a shainaitheint sa dóigh go dtig polasaithe a fhorbairt agus struchtúir a threisiú.

In 2005, chuimsigh obair Chomhrac na Bochtaine sa réimse seo:

- » Rannpháirtíocht ar ghrúpa comhairleach teicniúil a thionóil an OSI: Déanann an grúpa seo athbhreithniú ar thaighde, anailís agus nuálaíocht chun tacú le NAPS agus iad a chur ar an eolas.
- » Anailís ar Bhochtaineacht in Éirinn: Rinne Comhrac

“ Is cosúil go n-oibríonn polasaithe le dul i ngleic le bochtaineacht níos fearr má bhíonn na daoine agus na pobail a mbíonn siad deartha dóibh bainteach lena bpleanáil agus lena gcur i bhfeidhm.”

Barbara Walshe

Oifigeach Tionscadal

na Bochtaine measúnú ar phróifíl na bochtaineachta i sochaí na hÉireann agus chuir siad an bhochtaineacht in Éirinn i gcomparáid leis an mbochtaineacht i gcomhthéacs Eorpach. Bhí an anailís bunaithe ar Shuirbhé an AE 2003 ar Ríochtaí Maireachtála agus Ioncaim.

- » Bainteach in dhá thionscadal comhoibritheacha chun scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe díobhála agus cuimsithe sóisialta: Áirítear leo seo staidéar ar bhochtaineacht bhreosta (le Fuinneamh Inmharthana Éireann) agus

staidéar ar Eisiamh Airgeadais (leis an Rialtóir Airgeadais)

- » Rannpháirtíocht sa Tionscadal *Bia Slaintiúil do Gach Uile Dhuine* (le Cumann Naomh Uinseann de Pól agus Crosscare) chun feasacht faoi bochtaineacht bhia ag leibhéal pholasaí agus cur i bhfeidhm a chur chun cinn;
- » Taighde leanúnach i ndáil le cineál agus cúiseanna de bochtaineacht leanaí, lena n-áirítear coimisiúnú ar staidéar úr chun scrúdú a dhéanamh ar mharthanacht na bochtaineachta agus na próisis ina mbíonn ar leanaí



aistriú isteach agus amach ó bhochtaineacht.

Tacú le Rannpháirtíocht

Is cosúil go n-oibreoidh polasaithe frithbhochtaineachta níos fearr má bhíonn na daoine atá siad deartha le cuidiú leo bainteach ina bhforbairt agus ina gcur i bhfeidhm.

In 2005, lainseáil Comhrac na Bochtaine clár trí bliana dar teideal *Having Your Say*, a bhfuil sé mar aidhm aige guthanna agus cleachtais na ndaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht a neartú i bhforbairt agus i gcur

i bhfeidhm polasaithe agus clár fhrithbhochtaineachta. Lainseáladh an clár seo ag comhdháil náisiúnta i mí na Nollag, agus d'fhreastail os cionn 150 duine air.

Déanann *Having Your Say* clár Cleachtas go Polasaí Chomhrac na Bochtaine a dhíríonn go sonrach ar NAPS agus an Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta a fhorleathnú agus a threisiú. Soláthróidh an clár *Having Your Say* smaointeoireacht úr, chomh maith le tacaíocht agus oiliúint chun bainteacht níos fearr agus níos éifeachtúla a éascú idir lucht déanta polasaithe agus daoine faoi bhochtaineacht.



Bunaíodh grúpa comhairleach do chlár *Having Your Say*, agus coimisiúnaíodh luacháil fhoirmitheach den chlár chun sonraí tagarmharcála a fhorbairt agus chun measúnú a dhéanamh ar tionchar *Having Your Say* thar a thréimhse trí bliana.

Faoin gclár Cleachtas go Polasaí, rinneadh maoiniú de €127,080 a leithdháileadh in 2005 ar ocht ngrúpa do thionscadail dírithe ar chuidiú a thabhairt do dhaoine faoi bhochtaineacht tionchar a bheith acu ar pholasaithe agus dul i gcion ar pholasaithe. Ba iad na grúpaí a fuair maoiniú ná OPEN, Ardán Pobail, Ionad Fostaíochta Bhaile Munna (Grúpa

Tacaíochta Acorn), Lárionad Ceardchumainn do Dhaoine Dífhostaithe Chill Mhantáin, EAPN Éireann agus Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe.

Tacú le Cur Chuige Bunaithe ar Chearta

Lean Comhrac na Bochtaine d'fheasacht a chur chun cinn i ndáil leis an mbealach ina dtig cur chuige bunaithe ar chearta a úsáid chun dul i ngleic le bochtaineacht, trí na tionscnaimh a leanas:

- » Rinneadh maoiniú a leithdháileadh ar 17 grúpa

Fidelma Joyce

Oifigeach Idirchaidrimh Polasaí

“Trí oibriú le hÉire saor ó bhochtaineacht a bhaint amach, bíonn rath níos fearr ar Chomhrac na Bochtaine nuair a bhíonn a theachtaireachtaí polasaí dírithe agus tráthúil.”

forbartha pobail agus frithbhochtaineachta le haghaidh tionscnaimh a léiríonn agus a spreagann úsáid d'uirlisí agus caighdeáin chearta náisiúnta agus idirnáisiúnta chun dul i ngleic le bochtaineacht.

- » Tá Comhrac na Bochtaine ina chomhpháirtí ar an tionscadal um Rannpháirtíocht agus Cleachtas ar Chearta (PPR) i gcomhoibriú le Comhdháil Ceardchumann na hÉireann (ICTU), An Chomhairle Saoirse Sibhialta, an Coiste um Riaradh Ceartais Thuaisceart Éireann, an Fhondúireacht Pobail do Thuaisceart Éireann

agus Pobail in Ionchathair Thuaisceart Átha Cliath agus i dTuaisceart Bhéal Feirste. Is tionscadal Thuaidh-Theas atá sa tionscadal seo a bhfuil sé mar aidhm aige cleachtas ar chearta a chur chun cinn trí fheasacht a spreagadh ar uirlisí agus caighdeáin chearta daonna idirnáisiúnta, agus trí inniúlachtaí na bpobal agus na ngrúpaí imeallaithe a fhorbairt chun uirlisí den sórt seo a úsáid chun dul i ngleic le bochtaineacht agus chun comhionannas suntasach a bhaint amach. In 2005, dhaingnigh an Tionscadal PPR maoiniú chun tacú le clár trí bliana gníomhaíochtaí. Cuirfidh

sé seo fostaíocht ar fáil do sheachtar.

Cuimsiú Sóisialta a Chur Chun Cinn sa PFN

Leanadh d'obair le ranna Rialtais chun cuimsiú sóisialta a neartú sa Phlean Forbartha Náisiúnta. Thionóil Comhrac na Bochtaine an Grúpa Stiúrtha um Tháscairí Cuimsithe Sóisialta chun tacú leis an obair seo, agus in éineacht leis an Oifig um Chuimsiú Sóisialta, d'fhoilsigh sé cáipéis dar teideal *Poverty Impact Assessment in the National Development Plan: Issues and Lessons* bunaithe ar an méid a bhí foghlamtha ón obair seo.

Ag Soláthar Comhairle Pholasaí Fianaise-bhunaithe

Idirchaidreamh Polasaí

I gcomhlíonadh a shainordaithe reachtúil chun comhairle pholasaí a sholáthar don Rialtas maidir le deireadh a chur le bochtaineacht in Éirinn, choinnigh Comhrac na Bochtaine teagmháil rialta leis an Aire Gnóthaí Sóisialacha, comhairleoirí aireachta agus oifigigh roinne. Bhí mionteagaisc ann chomh maith le hoifigigh i Ranna an Taoisigh, Airgeadais, Sláinte agus Leanaí, an Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Oideachais agus Eolaíochta.

D'fhreastail Comhrac na Bochtaine ar roinnt de Chomhchoistí an Oireachtais chun torthaí taighde agus moltaí do pholasaithe a chur i láthair ar cheisteanna éagsúla, lena n-áirítear bochtaineacht leanaí, faoiseamh cánach d'ardsaothraithe agus Buiséad 2006. Rinneadh cuir i láthair do na Comhchoistí do Ghnóthaí Teaghlaigh agus Sóisialacaha, Gnóthaí Eorpacha, Airgeadais, agus Fiontar agus Mionghnó.

Aighneachtaí Polasaí

In 2005, rinne Comhrac na Bochtaine aighneachtaí ar mholtaí do pholasaithe maidir le ceisteanna éagsúla díospóireachta agus tábhachta náisiúnta, lena n-áirítear:

- » Aighneacht leis an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar Bhuiséad
- » Aighneacht leis an Oifig um Chuimsiú Sóisialta ar an bPlean Gnímh Náisiúnta in aghaidh Bochtaineachta agus Eisiata Sóisialta 2006-2008
- » Aighneacht leis na Comhpháirtithe Sóisialta ar Chomhaontú Comhpháirtíochta úr
- » Aighneacht leis an Oifig um Chuimsiú Sóisialta ar an Athbreithniú ar an

bPróiseas faoi Phromhadh ar Bhochtaineacht

- » Aighneacht leis an Roinn Airgeadais ar Fhaoiseamh Cánach agus Díolúintí d'Ardsaothraithe
- » Aighneacht leis an mBord Pinsean ar Athbhreithniú Pinsean
- » Aighneacht, in éineacht le Crosscare agus Cumann Naomh Uinseann de Pól, leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir leis an Ordú um Earraí Grósaera a Aisghairm
- » Aighneacht leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Aitiúil ar an Athbhreithniú ar an Straitéis do Dhaoine gan Dídean
- » Aighneacht leis an Oifig um Chuimsiú Sóisialta ar Thuarascáil NAP/Cuimsithe 2005
- » Aighneacht leis an Roinn Sláinte agus Leanaí ar *'Straitéis do Chur Chun Cinn Sláinte na bhFear'*

Rannpháirtíocht ar Shainghrúpaí

I rith na bliana, lean Comhrac na Bochtaine de bheith rannpháirteach i raon comhlachtaí comhairleacha Rialtais agus tascfhórsaí, ag

déanamh monatóireacht ar chur i bhfeidhm clár agus ag soláthar peirspictíocht bochtaineachta ar dhíospóireachtaí do pholasaithe agus pleanáil. Bhí baint mhór ag an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta agus ag an bPlean Forbartha Náisiúnta araon leis seo. I measc na gcomhlachtaí lenar oibrigh sé bhí:

- » An Grúpa Comhairleach Teicniúil ar Straitéis Sonraí agus Taighde NAPS, arna thionól ag an Oifig um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
- » An Coiste Comhairliúcháin um Chuimsiú Sóisialta den Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta, arna thionól ag an Oifig um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
- » An Coiste Comhairleach Náisiúnta den tSeirbhís um Chomhairle Airgid agus Buiséadaithe den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
- » Coistí Monatóireachta Chláir Oibriúcháin an PFN den Teorainn, Lár Tíre agus Réigiún an Iarthair, an Deiscirt agus an Oirthir, agus na Coistí Monatóireachta Chláir Oibriúcháin an PFN d'Fhostaíocht agus Acmhainní



- Daonna agus an Bonneagar Eacnamaíoch agus Sóisialta
- » Coiste Comhordaithe um Chomhdheiseanna agus Cuimsiú Sóisialta an PFN, arna thionól ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
 - » Coiste Monatóireachta an Chláir Síochána arna thionól ag Comhlacht um Chláir Speisialta an AE (SEUPB)
 - » An Fóram Comhairleoireachta ar Sheirbhísí Tacaíochta do Theaghlaigh arna thionól ag an Roinn Sláinte agus Leanaí.
 - » An Coiste Comhairleach um Chlár Tacaíochta d'Fhorbairt Pobail faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
 - » Grúpa Oibre Sláinte NAPS den Roinn Sláinte agus Leanaí
 - » Grúpa Oibre um Thionscnamh Chomhionannais Oideachais den Roinn Oideachais agus Eolaíochta
 - » An Grúpa Oibre um Thionscnamh Comhionannais Oideachais den Roinn Oideachais agus Leanaí

“ Tá sé de cheart ag gach leanbh in Éirinn tógáil a fháil a bheidh saor ó bhochtaineacht, óige shásúil a bheith acu agus a gcumas a réadú.”

Jonathan Healy

Anailísí Polasaí & Taighde

- » Athbhreithniú ar thacaí ioncaim do thuismitheoirí aonair arna thionól agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
- » Grúpa Stiúrtha an Rialtais Áitiúil ar Chuimsiú Sóisialta den Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Aitiúil
- » Clár Choiste Monatóireachta URBAN an AE
- » Foireann Tionscadail um Chuimsiú Cultúir an Fhóiraim Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta

- » An Grúpa Stiúrtha Náisiúnta Príomhchúraim

Ghlac Comhrac na Bochtaine páirt sa Lónra Polasaithe Sóisialta chomh maith, a thugann eagraíochtaí reachtúla, pobail agus deonacha le chéile chun faisnéis a roinnt ar thionscnaimh polasaithe sóisialta.

Comhairle a thabhairt don Rialtas ar Pholasaithe Cánach agus Leasa chun Dul i nGleic le Bochtaineacht

Ag teacht le blianta eile, lean Comhrac na Bochtaine de thrácht a dhéanamh ar

pholasaithe cánach agus leasa ó pheirspictíocht bochtaineachta de agus chuir siad moltaí ar aghaidh i ndáil le bealach níos éifeachtúla ina mbeadh a leithéid de pholasaithe ábalta dul i ngleic le bochtaineacht agus cuimsiú sóisialta.

- » D'fhoilsigh Comhrac na Bochtaine a aighneacht réamhbhuiséid i mí Mheán Fómhair, ag leagan amach moltaí do straitéis buiséadach dhá bhliana d'fhonn tionchar cinntitheach a dhéanamh ar bhochtaineacht a bheadh ar aon dul le spriocanna an Rialtais agus d'fhonn bochtaineacht ioncaim choibhneasta a laghdú agus deireadh a chur le bochtaineacht leanaí.
- » I ndiaidh cruinnithe comhchéime d'oifigigh shinsearach a chaiteachas sóisialta, rinneadh tuarascáil le Virpi Timonen a fhoilsiú in 2005 dar teideal *Irish Social Expenditure in a Comparative International Context: Epilogue*. Thug seo an gá do níos mó infheistíochta i dtacaí fostaíochta, leas sóisialta agus seirbhísí sóisialta chun suntais, le cois caiteachais níos ísle ar fhaoiseamh cánach.
- » Rinne taighde ar tionchar dáileach córas cánachais na hÉireann imscrúdú ar an tionchar a bhíonn ag cánachas

neamhdhíreach ar dhaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht. Foilseofar seo i 2006.

- » D'fhorbair Comhrac na Bochtaine moltaí maidir le tacaíocht ioncaim leanaí mar fhreagairt ar iarratas ón Aire Gnóthaí Sóisialacha.
- » Ghlac Comhrac na Bochtaine páirt i ngrúpa rannach arna thionól ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar íocaíochtaí tacaíochta ioncaim do thuismitheoirí aonair. Rinneadh tuarascáil a leag amach moltaí ón athbhreithniú seo a fhoilsiú in 2006.
- » Cuireadh obair allamuigh ar thaighde faoi theaghlaigh atá ag obair ar ioncam íseal i gcrích in 2005. Déanfar anailís air seo agus úsáidfear é chun dul i gcion ar mholtaí ar pholasaí maidir le gníomhú an mhargaidh shaothair agus baic fhostaíochta a shárú le linn 2006.

Ag Cur Taighde Ar Bhochtaineacht Chun Cinn

Is í ceann de phríomhfheidhmeanna reachtúla Chomhrac na Bochtaine ná taighde ar nádúr, méid agus cúiseanna bochtaineachta a chur chun cinn. Uaidh seo,

lean Comhrac na Bochtaine de thaighde a chur chun cinn maidir le réimsí a bhaineann le bochtaineacht agus cuimsiú sóisialta trí thaighde intí, coimisiúnú díreach ar thuarascálacha taighde; agus trí mhaoiniú do thaighdeoirí agus scoláirí faoin Tionscnamh um Thaighde ar Bhochtaineacht. In 2005, bhí na snáithí seo a leanas i gceist leis an obair:

Taighde Chomhrac na Bochtaine

Cuireadh roinnt de mhórstaidéir thaighde i gcrích le linn 2005, lena n-áirítear:

- » *Poverty and Conflict in Ireland: An International Perspective:* Leagann an tuarascáil seo amach an caidreamh idir bochtaineacht agus coinbhleacht i gcomhthéacs Éireannach agus scrúdaíonn sí bealaí chun dul i ngleic le ceisteanna bochtaineachta agus coinbhleachta i sochaí iarchoinbhleachta.
- » *Mapping Poverty: National Regional and County Patterns:* Déanann an tuarascáil seo dáileadh bochtaineachta a thomhas ag leibhéal éagsúla spásúlachta agus riaracháin, lena n-áirítear comhairlí cathrach agus contae don chéad uair.
- » *Distributional Impact of Indirect Taxation:* Scrúdaíonn an

tuarascáil seo an tionchar a bhíonn ag cánachas neamhdhíreach ar theaghlach le hioncam íseal.

I measc na dtuarascálacha úra a cuireadh tús leo le linn 2005 agus atá le foilsiú in 2006 tá:

- » *Day In, Day Out: Understanding the Dynamics of Child Poverty;* Ag úsáid sonraí fadaimseartha thar tréimhse ocht mbliana, scrúdaíonn an staidéar seo na próisis ina mbíonn ar leanaí aistriú isteach agus amach ó bhochtaineacht. Dearann sé ceachta do lucht déanta polasaithe timpeall ar na freagairtí polasaí is éifeachtúla chun deireadh a chur le bochtaineacht leanaí.
- » *Financial Exclusion* (le foilsiú in 2006): Déanann an tuarascáil seo, a rinneadh i gcomhoibriú leis an Rialtóir Airgeadais, scrúdú ar na baic maidir le rochtain ar sheirbhísí airgeadais do dhaoine ar ioncaim ísle. Tá an staidéar á dhéanamh intí ag foireann taighde Chomhrac na Bochtaine.
- » *Fuel Poverty:* Tá Comhrac na Bochtaine ag déanamh tionscadal taighde gníomhaíochta trí bliana, comh-mhaoinithe ag Fuinneamh Inmharthana Éireann (SEI) agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, chun

measúnú a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le cláir d'éifeachtacht fuinnimh bhaile agus Clár Tithe Níos Teo an SEI

Ag Tacú le Taighde Tríú Páirtí ar Bhochtaineacht

Cothaíonn Comhrac na Bochtaine taighde a dhéanann institiúidí tríú leibhéal agus NGOanna tríd an gclár *Tionscamlum um Thaighde ar Bhochtaineacht (TTB)*. Comhcheangalaíonn an tionscamlum seo trí shnáithe:

- » Duaiseanna taighde (staidéir ar bhochtaineacht agus anailís ar pholasaithe);
- » Duaiseanna comhaltachta do thaighde dochtúireachta agus athbhreithnithe ar pholasaithe;
- » Intéirneachtaí ag leibhéal iarchéime agus taighdeoirí le taithí.

In 2005, bronnadh Comhaltacht PhD ar Philip Hayes in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann (NUI), Gaillimh, chun máistreacht dochtúireachta a dhéanamh dar teideal: *A Comparative Study of Housing Benefits in Europe and the Impact of Housing Benefit Policy Reform in Ireland*.

Bhronn Comhrac na Bochtaine maoiniú d'anailís taighde-bhunaithe ar pholasaithe agus chleachtais frithbhochtaineachta. Rinneadh sé dhuais, €81,000

ar an iomlán (€61,000 a íocadh in 2005) a leithdháileadh ar: Comhpháirtíocht Uinseannach ar Cheartas Sóisialta; an tlonad Saorchomhairle Dlí; OPEN agus Threshold; An Institiúid Sláinte Phoiblí in Éirinn; Cé na gCeannaithe, agus Comhaontas Cúraim Éireann. Phléigh na staidéir ceisteanna a bhain le sláinte cúramóirí, cóiríocht ar cíós do thuismitheoirí aonair, seirbhísí príomhchúraim do dhaoine gan dídean, fiachóirí sibhialta, leibhéal neamhleor ioncaim agus forbairt d'innéacs ar bhochtaineacht sláinte na hÉireann.

Bronnadh seacht nduais do thaighde a tháinig go dtí €116,000 go hiomlán in 2005 ar staidéir ar fhiach tomhaltóra, bochtaineacht bia, éagothroime sláinte, míbhuntáiste oideachais, cláir do mhargaí saothair gníomhacha, turasóireacht sóisialta agus costas an linbh. Is iad taighdeoirí in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, NUI, Gaillimh, Ollscoil Luimnigh agus UCD atá i mbun na staidéar seo.

Foilsíodh torthaí na nduaiseanna taighde ar líne mar Pháipéir Oibre Taighde, agus cuireadh i láthair iad ag sraith sheimineár taighde am lóin Chomhrac na Bochtaine. Áirítear ar pháipéir oibre taighde a rinneadh in 2005:

- » Noreen Byrne, Olive McCarthy & Michael Ward, *Meeting the Credit Needs of Low-Income*

Groups: Credit Unions v Moneylenders.

- » Anne Coakley, *Mothers, Welfare and Labour Market Activation.*
- » FM Kelly and AJ Parker, Centre for Retail Studies, University College Dublin, *A Study of Retail Accessibility for Older People: The Elderly Poor and Access to Retail Services.*
- » Aogán Mulcahy & Eoin O'Mahony, *Policing and Social Marginalisation in Ireland.*
- » Vanessa Gash *The Labour Market Outcomes of Atypical Employment in Ireland and Denmark.*
- » Eilis Hennessy agus Mary Donnelly, *After-School Care in Disadvantaged Areas: the Perspectives of Children, Parents and Experts.*

Sholáthair Comhrac na Bochtaine socrúcháin taighde iarchéime do Ann Stokes, UCD, agus Martina Prunty, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ar feadh tréimhsí trí mhí.

Feasacht Phoiblí Ar Bhochtaineacht A Threisiú

Is é ceann de cheithre phríomhshnáithe obair Chomhrac ba Bochtaine ná tuiscint ar bhochtaineacht a chothú trí oideachas poiblí. Cuidíonn

foilseacháin, comhdhálacha agus seimineáir, ráitis nuachta, idirchaidreamh na meán, seirbhísí leabharlainne agus faisnéise, láithreán gréasáin, idirchaidreamh polasaí agus obair le scoileanna eile tuiscint an phobail a chothú maidir le cineál, cúiseanna agus méid na bochtaineachta in Éirinn.

Cumarsáid phoiblí

Bunaíodh Foireann Chomhairle Cumarsáide déanta suas de chomhaltaí boird agus foirne le linn 2005 chun ionchur agus treoir a sholáthar d'fhorbhairt straitéise úr do chumarsáid phoiblí. Cuireadh an straitéis seo, a bhfuil sé mar aidhm aici soiléireacht agus fócas a thabhairt do chumarsáid Chomhrac na Bochtaine le linn tréimhse an phlean straitéise úir, i gcrích i mí na Nollag agus déanfar é a rolladh amach le linn 2006. Ceapadh Ceann úr ar Cheapacháin le linn na bliana chun an clár oibre seo a stiúradh.

Rinneadh an Rannóg Faisnéise agus Oideachais Phoiblí a athainmniú mar 'Cumarsáid agus Gnóthaí Poiblí' chun béim níos mó a léiriú ar chumarsáid shoiléir, chomhordaithe ar fud gach rannóige Chomhrac na Bochtaine.

Sraith de Sheimineáir Taighde

In 2005, thionóil Comhrac na Bochtaine 15 sheimineár am

“ Má thuigimid cá háit in Éirinn a bhfuil na daoine faoi bhochtaineacht ina gcónaí tig linn polasaithe agus cláir níos fearr a dhearadh chun dul i ngleic le bochtaineacht go háitiúil.”



Vanessa Coffey

Oifigeach Taighde

lóin, agus d'fhreastail idir 20 agus 30 duine ar gach ceann acu. Sholáthair na seimineáir seo fóram neamhfhoirmiúil chun taighde a bhain le bochtaineacht a phlé, tacaíthe ag Comhrac na Bochtaine nó déanta ar bhonn neamhspleách.

Lá na NA um Dheireadh a Chur le Bochtaineacht

Rinneadh maoiniú a leithdháileadh ar chúig grúpa frithbhochtaineachta chun feasacht a chur chun cinn do Lá na NA um Dheireadh a Chur le Bochtaineacht ar 17 Deireadh Fómhair. Ba iad

na grúpaí a fuair maoiniú ná Lárionad Cheardchumann Chill Mhantáin do Dhaoine Dífhostaithe, Eagraíocht Náisiúnta na hÉireann do Dhaoine Dhífhostaithe, Ardán Pobail, Ceathrú Domhan ATD agus an Comhchomhar um Dheireadh a Chur le Bochtaineacht Leanaí. I measc na ngníomhaíochtaí bhí feachtais phostaeir agus cárta poist, acmhainní oideachais, nuachtlitreacha, mionteagaisc pholasaithe agus lainsí na meán.

Cláir do Scoileanna

Sholáthair Urraíocht Óir na Nuálaithe Sóisialta Óga ardán



do Chomhrac na Bochtaine chun tuiscint níos fearr a chruthú ar bhochtaineacht agus eisiámh sóisialta i measc mac léinn idirbhliana. Tharraing an Taispeáint Náisiúnta 1,864 dalta ó scoileanna ar fud na hÉireann. Bronnadh ‘An Duais do Dhul i nGleic le Bochtaineacht in Éirinn’ ar Choláiste Loreto, Baile Átha Cliath 2, as a dtionscadal ar bhochtaineacht agus míbhuntáiste oideachais.

Lean láithreán Gréasáin CSPE, atá á chomhbhainistiú idir Comhrac na Bochtaine, an tÚdarás Comhionannais, Cumann Naomh Uinseann de Pól agus an Comhaontas ar Chearta

Leanaí, de chainéal a sholáthar d’fhonn mic léinn idirbhliana a bheith bainteach i gceisteanna maidir le bochtaineacht. Rinneadh athbhreithniú ar an láithreán le linn na bliana, agus ceapadh comhairleoir chun an t-ábhar ar an láithreán a shruthlíniú agus a nuashonrú.

Lean Comhrac na Bochtaine de bheith bainteach leis an CNCM agus gníomhaithe polasaí eile agus go díreach le scoileanna chun an cheist ar bhochtaineacht a thabhairt chun suntais laistigh de churaclam na scoile. Sholáthair tabhairt isteach de churaclam úr don tsraith shóisearach ar oideachas

“ Is é an dúshlán ná cuimsiú sóisialta a fháil isteach i bpolasaithe agus straitéisí údaráis áitiúla sa dóigh go mbaineann gníomhartha údaráis áitiúla torthaí dearfacha amach do dhaoine atá eisiata.”



Sharon Keane

Oifigeach Tionscadal

sóisialta agus polaitiúil, mar a lorg Comhrac na Bochtaine roimhe seo, deis chun an clár oibre seo a thabhairt ar aghaidh. Le linn 2005, bhuail Comhrac na Bochtaine leis an CNCM chun plé a dhéanamh ar an gcuraclam molta agus an cumas a thugann sé i ndáil le feasacht ar bhochtaineacht a chur chun cinn.

In 2005 cuireadh an tionscadal Bochtaineacht, an Curaclam agus an Seomra Ranga i gcrích, a rinneadh i gcomhoibriú le hAonad um Fhorbairt Churaclaim de chuid Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath (CDVEC CDU). Thug luacháil ar an tionscadal an tionchar

dearfach a bhí aige ar gach duine a bhí bainteach chun suntais, lena n-áirítear múinteoirí, daltaí agus rannpháirtithe an phobail. Rinneadh iarrachtaí ceachta ón tionscadal a phríomhshruthú, lean n-áirítear foilsiú de threoirínite ar chomhpháirtithe phobail scoile i bhfeasacht ar bhochtaineacht a fhorbairt.

Dul I Gcion Ar Fhreagairtí Áitiúla Agus Réigiúnacha Ar Bhochtaineacht

Tacaíonn Comhrac na Bochtaine le freagairtí áitiúla agus réigiúnacha ar bhochtaineacht,



lena n-áirítear limistéir teorann a dtéann Coinbleacht Thuaisceart Éireann i bhfeidhm orthu.

Na háiteanna ina bhfuil bochtaineacht a shainnithint

Foilsíodh tuarascáil dar teideal *Mapping Poverty: National Regional and County Patterns*, a sholáthair léargais úra i ndáil leis an dáileadh geografach de bhochtaineacht ar fud na hÉireann. Ní hamháin gur shainnithin sé seo ceantair bhochta, ach sholáthair sé tuiscint maidir leis an gcúis go mbíonn comhchruinnithe geografacha bochtaineachta

ann, agus an éifeachtúlacht a bhíonn ag polasaithe ceantarbhunaithe. Úsáideadh trí tháscaire bochtaineachta (ioncam teaghlaigh, díobháil ábhair agus próifíl shocdhaonlathach) chun bochtaineacht a thomhas ag léibhéil éagsúla réigiúnacha agus riaracháin, lena n-áirítear comhairlí cathrach agus contae. Sholáthair an staidéar sonraí tagarmharcála d'údaráis áitiúla le húsáid chun polasaithe ábhartha a fhorbairt ar straitéisí áitiúla frithbhochtaineachta don chéad uair.

Rinneadh na torthaí ón staidéar a chur i láthair ag comhdháil náisiúnta, a chomheagraigh

Comhrac na Bochtaine agus an Institiúid Náisiúnta d'Anailís Réiginúnach agus Spásúil (NIRSA) ag NUI Maigh Nuad, ar a fhreastail 180 duine.

Ag Tacú le Straitéisí Áitiúla Frithbhochtaineachta

Sonraíonn an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta (NAPS) ceanglais i ndáil le hÚdaráis Áitiúla na prionsabail, spriocanna agus cuspóirí ata leagtha síos i NAPS a chur san áireamh nuair atá siad ag leagan síos cuspóirí forbartha áitiúla, agus luann siad ról do Chomhrac na Bochtaine sa phróiseas seo. Ó 1999, tá Comhrac na Bochtaine ag tacú le húdaráis áitiúla chun acmhainn a fhorbairt maidir le ról níos straitéisí a bheith acu i gcosc a chur ar bhochtaineacht agus eisiámh sóisialta trí Chlár an Rialtais Áitiúil. Rinneadh príomhghnéithe an chláir phíolótaigh seo a phríomhshruthú i 2005.

» Cinntíonn Grúpa Stiúrtha na nÚdarás Áitiúil agus Eisiata Sóisialta (LASISG) go leanann an clár oibre do chuimsiú sóisialta de bheith neadaithe i rialtas áitiúil. I measc na Ballraíochta tá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DoEHLG), An Oifig um Chuimsiú Sóisialta (OSI), An Bord um Sheirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMSB), An Institiúid

Riaracháin Phoiblí (IPA), agus Comhrac na Bochtaine.

» Rinneadh oiliúint ar bhochtaineacht agus ar chuimsiú sóisialta a ionchorprú isteach i solathraithe oiliúna príomhshruthaithe a sheachadann chuig údaráis áitiúla.

» Ó 2006 ar aghaidh eagróidh An Institiúid Riaracháin Phoiblí (IPA) cruinnithe do Líonra Foghlama Frithbhochtaineachta an Rialtais Áitiúil

Lena chois sin, lean Comhrac na Bochtaine d'fhorbairt Straitéisí Áitiúla Frithbhochtaineachta (LAPS) leis an Rialtas Áitiúil a chur chun cinn trí oiliúint, ábhair acmhainne, treoirlínthe agus meicníochtaí eile chun acmhainní a fhorbairt. Áiríodh leis seo:

- » Foilsiú de *Developing a Local Anti-Poverty Strategy: A Guide*
- » Soláthar de mhaoiniú chuig comhairlí contae i Laois agus i gCill Mhantáin chun tacú le forbairt de LAPS píolótach. Meastar go mbeidh samhail oibrithe de LAPS ar cheann de na torthaí a bheidh air a sholáthróidh treoir d'údaráis áitiúla eile maidir le LAPS a ullmhú.
- » Foilsiú de threoirlínthe d'údaráis áitiúla dar teideal

Implementing a Waiver System; Guidelines for Local Authorities.

D'éiligh na treoirlínte seo polasaí ar chórais tarscaoilte do bhainistíocht dramhaíola chun córas ina mbeadh costais dramhaíola cothrom agus comhsheasmhach in Éirinn a chinntiú.

- » Foilsiú de thuarascáil ar rochtain ar leabharlanna poiblí dar teideal *Access to Public Libraries for Marginalised Groups*, a mhaígh go bhfuil gá le córas comhordaithe tacaí d'fhoireann leabharlainne chun comhsheasmhacht a chinntiú maidir le rochtain ar leabharlanna. Phléigh an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil é seo ag Lónra Foghlama le linn 2005.
- » Foilsiú d'eagráin *Learning Brief*, nuachtlitir do Lónra Foghlama Frithbhochtaineachta an Rialtais Áitiúil (LGAPLN) agus *Network Exchange*, nuachtlitir leictreonach chun feasacht a spreagadh maidir le Clár an Rialtais Áitiúil.
- » Soláthar de mhaoiniú do *Review of Local Authority Corporate and Operational Plans from a Social Inclusion Perspective* i gcónasc le DoEHLG.
- » Tionóladh dhá chruinniú LGAPLN ar na téamaí seo a leanas: An Cleachtas is

Fearr i gCúram Custaiméirí
– Fócas ar Leabharlanna agus Bainistíocht Eastáit; agus Pleanáil/Forbairt agus Cuimsiú Sóisialta.

Forbairt Pobail i Rialtas Áitiúil

Lean Comhrac na Bochtaine d'oiliúint agus tacaíocht a sholáthar d'fhoireann rialtais áitiúil maidir le grúpaí imeallaithe a bheith bainteach i rialtas áitiúil.

Údaráis Áitiúla agus Cuimsiú Sóisialta

Bhí Comhrac na Bochtaine ina chomhpháirtí ar Thionscadal an AE ar Údaráis Áitiúla agus Cuimsiú Sóisialta (LASI) a d'fhorbair piar-athbheithniú d'údaráis áitiúla. Ghlac Comhrac na Bochtaine páirt i malartán piar-athbheithnithe leis an Liotuáin chun réimsí comhshuime agus foghlama a shainathint. Chríochnaigh an Tionscadal LASI i mí na Samhna 2005. Déanfaidh Comhairlí Contae Laoise agus Chill Mhantáin Piar-Athbheithnithe i 2006 mar chuid dá gcuid oibre le LAPS.



Ag Cur Clár Síochána II an AE i bhFeidhm

In 2005, bhí Comhrac na Bochtaine, in éineacht le Pobal (ADM Teo roimhe seo), freagrach as deich mbeart Chlár Síochána II AE a chur i bhfeidhm¹³ agus seacht mbeart um Fhorleathnú

ar Chlár Síochána II¹⁴ i réigiún teorannach an deiscirt trí Ghníomhaíocht Teorann (ADM/CPA roimhe seo). Rinne sé dhá bheart trasteorann a bhainistiú chomh maith trí chuibhreannas trasteorann i gcomhoibriú le Pobal, Comhoibriú Éireann agus an Fhondúireacht Phobail do Thuaisceart Éireann. I gcomhoibriú le Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, Tuaisceart Éireann (DARD), rinne Gníomhaíocht Teorann dhá bheart trasteorann

13 Is clár maoinithe struchtúrtha é Clár Síochána II a bhfuil sé mar aidhm aige athmhuintearas a chur chun cinn i gcontaetha na teorann agus i dTuaisceart Éireann.

14 Is forleathnú dhá bhliana ar Chlár Síochána II atá i bhForleathnú ar Shíocháin II agus cuirfidh sé suas go dtí €144 milliún ar fáil go dtí deireadh 2006.

Sean Mistéil

Ceann ar Bhainistíocht agus Forbairt Eagrúcháin

“ Déanann Comhrac na Bochtaine a dhícheall ardchaighdeáin maidir le bainistíocht acmhainní a bhaint amach.”

eile a bhainistiú. Tuairiscíonn Gníomhaíocht Teorann chuig Comhlacht Chláir Speisialta an AE (SEUPB) agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá an SEUPB ina Údarás Bainistithe don Chlár Síochána agus tá sé ar cheann de na Comhlachtaí Feidhmiúcháin Thuaidh/Theas a bunaíodh trí Chomhaontú Aoine an Chéasta.

Faoi dheireadh 2005 bhí leithdháileadh an bhuiséid tiomanta do thionscadail, agus baineadh amach na spriocanna airgeadais a bhí leagtha amach ag Coimisiún na hEorpa. I Meitheamh 2005 rinneadh na naoi mbearta um Fhorleathnú ar

Shíocháin II a oscailt d’iarratas agus beidh maoiniú ar fáil do na bearta go léir faoi lár 2006.

Tá raon de thuarascálacha taighde agus luachála ar fáil ón gclár anois agus táthar á n-úsáid chun dul i gcion ar Fhorleathnú ar Shíocháin II agus obair ullmhúcháin do Chlár Síochána III.

Ba iad na tionscadail maoinithe faoi Gníomhaíocht Teorann a foilsíodh le linn 2005 ná:

- » *Balances along the Border: A gender audit in Northern Ireland and the six Southern Border Counties* le Mná ag Teagasc ar son na hAthchuma (WEFT)

- » *Border Protestant Perspectives: A Study of the Attitudes and Experiences of Protestants Living in the Southern Border Counties* le Bainistíocht Locus.
- » *The Emerald Curtain: The Social Impact of the Irish Border* le hOiliúint agus Forbairt Phobail Triskele.
- » *The Legacy of the Troubles: Experience of the Troubles, Mental Health and Social Attitudes* le hOllscoile na Banríona agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Lena chois sin, d'fhoilsigh Gníomhaíocht Teorann tuarascáil dar teideal '*Good Practice in Community-based Peacebuilding*'. Úsáideann an tuarascáil eispéiris ó shampla de 21 tionscadal maoinithe maidir le Síocháin chun an bealach ina bhfuil 'difríocht déanta' acu do phobail agus grúpaí sóisialta a dtéann an choinbhleacht i bhfeidhm orthu a léiriú. Ionchorpraíonn sé seo ceachta luachmhara do na daoine atá bainteach i bhforbairt síochána ag gach leibhéal.

Clár INTERREG IIIA

Lean Gníomhaíocht Teorann ag obair i gcomhpháirtíocht le Comhoibriú Éireann i gcur i bhfeidhm an bhirt ar Líonrú Saoránach agus Pobail Chlár INTERREG IIIA agus in éineacht leis an Roinn Talmhaíochta

agus Forbartha Tuaithe i dTuaisceart Éireann ar chur i bhfeidhm an bhirt ar Fhorbairt Tuaithe. Tá an Clár INTERREG IIIA, tionscnamh ar fud an AE, deartha chun tacaíocht a thabhairt do chomhoibriú trasteorann, cuimsiú sóisialta agus forbairt eacnamaíochta idir réigiúin an Aontais Eorpaigh. Cuimsíonn Clár INTERREG IIIA Éireann/Thuaisceart Éireann Tuaisceart Éireann go léir agus na sé chontae teorann in Éirinn. Tá sí mar aidhm ag an gclár seo dul i ngleic leis na míbhuntáistí eacnamaíocha agus sóisialta a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr go bhfuil an teorainn ansin trí líonraí agus tionscnaimh trasteorann ina mbeadh pobail áitiúla bainteach a chruthú, agus a rachaidh chun tairbhe don phobail, a chur chun cinn.

Bochtaineacht agus Coinbhleacht

D'fhonn dul i gcion ar fhorbairt gnímh sa todhchaí maidir le dul i ngleic le bochtaineacht agus forbairt síochána a chur chun cinn in Éirinn, choimisiúnaigh Comhrac na Bochtaine staidéar le Paddy Hillyard, Bill Rolston agus Mike Tomlinson chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaidreamh idir bearta bochtaineachta agus cuimsithe sóisialta agus próisis maidir le réiteach coinbhleachta in Éirinn. D'úsáid *Poverty and Conflict in Ireland: An International Perspective*, a foilsíodh san Earrach 2005,

eispéiris idirnáisiúnta agus lorg sé fianaise úr a fháil ar an dá ghné de chaidreamh na bochtaineachta/na coinbhleachta: bochtaineacht mar chúis ar choinbhleacht agus bochtaineacht mar thoradh ar choinbhleacht. Chuir an tuarascáil ceachta tábhachtacha i láthair maidir leis an mbealach le dul i ngleic le ceistanna bochtaineachta agus coinbhleachta i sochaí iarchoinbhleachta.

Éifeachtúlacht Agus Éifeachtacht Eagrúcháin A Neartú

Lean Comhrac na Bochtaine d'éifeachtacht a n-oibriúcháin a uasmhéadú trí bhainistiú éifeachtúil a dhéanamh ar a acmhainní, lena n-áirítear acmhainní airgeadais, daonna agus ábhair.

Tá tiomantas agus saineolas foirne ina tháirge ríthábhachtach, agus tá Comhrac na Bochtaine ag iarraidh iad seo a threisiú agus a fhorbairt trí chleachtais oibre oscailte agus comhairlí agus trí sholáthar de struchtúir éifeachtúla tacaíochta, go háirithe córais TF agus cumarsáide.

Le linn 2005, lean Comhrac na Bochtaine ag oibriú laistigh de struchtúr mairtise lena chinntiú go mbeadh a cheithre phríomhréimsí feidhmiúla ailínithe leis na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach.

Tá freagairt shoiléir agus chomhsheasmhach cinntithe ag an struchtúr seo ar fud gach rannóig de Chomhrac na Bochtaine i dtreo seachadta de phríomhchuspóirí agus d'éascaigh sé foghlaim roinnte ar fud Chomhrac na Bochtaine.

Córais TF

Lean tionscadal chun infreastruchtúr TF a uasghrádú i rith na bliana. Tharla feabsuithe suntasacha táirgiúlachta dá bharr, trí chur i bhfeidhm d'infreastruchtúr TF níos láidre, níos buanseasmhaí agus níos sruthlínithe.

Plean Straitéiseach

D'fhaomhaigh agus lainseáil an tAire Gnóthaí Sóisialacha, Séamus Brennan T.D. seachtú Plean Straitéiseach Chomhrac na Bochtaine – don Tréimhse 2005–2007.

Comhpháirtíocht Oibre

Leanadh d'obair le linn 2005 ar Phlean Gnímh Nuachóirithe Chomhrac na Bochtaine faoin gcomhaontú comhpháirtíochta náisiúnta Dul Chun Cinn a Choinneáil. Rinne Coiste Comhpháirtíochta Chomhrac na Bochtaine monatóireacht ar an dul chun

cinn agus thuairisc sé chuig Ard-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Teaghlaigh agus Sóisialacha

Bhuail an Coiste Comhpháirtíochta le chéile 4 huaire in 2005. Phléigh sé ceisteanna a bhain leis an bplean gnímh nuachóirithe agus leis an athbhreithniú atá le teacht maidir le héifeachtacht úsáide agus leithdháilte d'acmhainní laistigh de Chomhrac na Bochtaine, a dhéanfar i 2006.

Bainistiú Airgeadais

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais do 2004, agus ansin cuireadh isteach iad in éineacht leis an Tuarascáil Bhliantúil do 2004, chuig an Aire Gnóthaí Sóisialacha i mí an Mheithimh. Rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais níos déanaí.

Coinníodh taifid airgeadais maidir leis an bhfoireann agus na comhairleoirí uile le linn na bliana agus soláthraíodh taifid reachtúla cánach mar pháirt de nósanna imeachta airgeadais agus fostaíochta.

Chuimsigh na taifid airgeadais gach idirbheart a rinneadh don mhír sin de na Cláir Síochána II, Forleathnú ar Shíocháin II agus Interreg IIIA as a bhfuil Comhrac na Bochtaine freagrach mar pháirt den chomhaontú bainistíochta le Pobal (ADM Teo. roimhe seo).

Rialachas

Baineadh amach agus coinníodh ardchaighdeáin de chomhlíonadh maidir le gach taifead airgeadais agus gach gnáthamh chun cáin a bhailiú, cáin a réiteach agus íocaíochtaí. Chomhlíonaigh tairiscintí agus conarthaí le ceanglais reachtúla agus le hoibleagáidí faoi na comhaontuithe comhpháirtíochta náisiúnta. Rinne Comhrac na Bochtaine cinnte de go raibh córais airgeadais agus taifid na Gníomhaíochta Teorann (ADM /CPA Teo roimhe seo) maidir le Síocháin II agus Forleathnú ar Shíocháin II agus Cláir Interreg IIIA a riar ag comhlíonadh go hiomlán.

Lean Comhrac na Bochtaine d'fhoralácha an Chóid Chleachtas do Rialachas na gComhlachtaí Stáit a chur i bhfeidhm.

Le linn na bliana, lean comhaltaí an Bhoird d'ionchur straitéiseach a chur ar fáil do gnáthoibriúcháin Chomhrac na Bochtaine trí roinnt fochoistí Boird (ar a raibh comhaltaí boird amháin) agus coistí comhairleacha (ar a raibh comhaltaí boird, foireann Chomhrac na Bochtaine, agus i gcásanna áirithe, saineolaithe seachtracha). Bhí comhaltaí boird ar dhá choiste de chuid na gClár Síochána chomh maith, in éineacht le foireann ó Chomhrac na Bochtaine, Pobal agus Gníomhaíocht

Teorann, agus ionadaithe ó eagraíochtaí gaolmhara atá bainteach sna gCláir Síochána.

Cuidíonn rannpháirtíocht an bhoird ar a leithéid de choistí tuiscint a chothú idir comhaltaí Boird agus foireann agus cuireann sé go mór le hobair leanúnach Chomhrac na Bochtaine. In 2005, bhí na coistí seo a leanas ann:

Fochoistí Boird

- » Coiste Bainistíochta Acmhainní (pearsanra agus airgeadas roimhe seo)
- » Coiste Díláraithe
- » Coiste Iniúchta

Coistí Bainistíochta na Gníomhaíochta Teorann:

- » Comhchoiste Bainistíochta (Cláir Síochána/ Interreg)
- » Coiste Bainistíochta Feadhneachta (Clár Síochána Trasteorann)
- » Coiste Comhpháirtíochta Pobail Interreg

Coistí Comhairleacha:

- » Coiste Cánach agus Leasa
- » Coiste Comhairleach ar Thaighde
- » Foireann Chomhairleach Chumarsáide

- » Coiste Comhairleach Sláinte
- » Coiste Comhairleach *Having Your Say*

Rinne an t-iniúcháir inmheánach iniúchadh Luach ar Airgead maidir le hobair a choimisiúnaigh Comhrac na Bochtaine san fhómhar in 2005, ar iarratas ón bhfoireann bainistíochta. Cuireadh dréacht-thuarascáil de na torthaí i láthair an Choiste Iniúchta i mí na Nollag.

Sláinte agus Sábháilteacht

Lean Comhrac na Bochtaine de dhualgais faoi reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta ag an obair a chomhlíonadh.

Acmhainní Daonna agus Forbairt Foirne

D'fhonn a chinntiú go gcoinníonn Comhrac na Bochtaine lucht saothair atá éifeachtúil, cumasach agus saineolach, lean Comhrac na Bochtaine ag infheistiú in oiliúint agus forbairt foirne. Ba é an caiteachtas iomlán ar oiliúint ná beagán os cionn 3.5 faoin gcéad den phárolla.

Lean Comhrac na Bochtaine dá bhainistíocht feidhmiúcháin agus córas forbartha a neadú síos agus a fhoirfiú d'fhonn cumas na foirne a threisiú go hiomlán.

Tabharfaidh anailís ar fhorbairt bainistíochta agus riachtanais oiliúna, a rinneadh i bhfómhar na bliana 2005, treoir do chlár forbartha na foirne bainistíochta don chuid eile den phlean straitéiseach.

Bord Chomhrac na Bochtaine

Cheap an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlach Helen Johnston, Stiúrthóir Chomhrac na Bochtaine, do théarma eile ar an mBord i mí an Mheithimh. Ceapadh Barbara Walsh le dul in ionad Joan O'Flynn mar chomhalta foirne tofa ar an mBord i mí na Nollag.


Thionóil an Bord a chrúinniú do mhí Aibreáin 2005 i gCorcaigh i gcomhoibriú le hAonad um Chuimsiú Sóisialta Chomhairle Baile Chorcaí. Chuir an tArd-Méara, Bardasach Sean Martin fáilte roimh an mBord. Thug comhaltaí an Bhoird cuairt ar roinnt de thionscadail phobalbhunaithe le linn na cuairte.

Chuir an Bord fáilte roimh an Aire Gnóthaí Sóisialacha, Séamus Brennan TD chuig a gcruinniú i mí na Bealtaine ina pléadh raon de cheisteanna, go háirithe an cheist ar bhochtaineacht leanaí. Chuir an tAire béim ar ról Chomhrac na Bochtaine maidir lena bheith ina eagraíocht dírithe ar réitigh, agus lorg sé moltaí maidir le dul i ngleic le

bochtaineacht. Cuireadh páipéar ar thacaí ioncaim do leanaí chuig an Aire ina dhiaidh sin.

Tionóladh comhchruinniú Boird-foirne i Maigh Nuad ag deireadh mí an Mheithimh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chlár oibre Chomhrac na Bochtaine.

Bhuail an Bord ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan dá chruinniú do Mheán Fómhair agus tugadh mionteagasc dó maidir le dul chun cinn roinnt tionscadal maoinithe faoi Chlár Síochána II.



» Aguisíní



Appendix 1–Bord, Fochóistí agus Foireann

Comhaltaí agus Tinreamh Boird in 2005

Bhí ocht gcruinniú ag an mBord in 2005. Chuir dhá chomhalta a dtéarmaí trí bliana i gcrích le linn 2005. Rinne an tAire Séamus Brennan, T.D Helen Johnston a athcheapadh ar an mBord. Chuir Joan O'Flynn deireadh lena téarma mar chomhalta foirne tofa ar an mBord i mí na Nollag agus tháinig Barbara Walshe ina háit.

Cuirtear síos ar rannpháirtíocht ar Fhochóistí éagsúla Boird agus gníomhaíocht bhainteach thíos.

Líon na gcruinnithe a freastaladh orthu
(an líon atá i dteideal a bheith i láthair idir luibíní)

Brian Duncan, Cathaoirleach	8	(8)
Pearse O'Hanrahan, Leas- Chathaoirleach	4	(8)
Callista Bennis	4	(8)
Maria Corrigan	4	(8)
Frank Curran	7	(8)
Anthony Gavin	6	(8)
Maria Gorman	8	(8)
Helen Johnston	8	(8)
Tony Lane	8	(8)
Seamus McAleavey	7	(8)
Tony O'Callaghan	7	(8)
Joan O'Flynn	7	(7)
Orlaigh Quinn	7	(8)
Alice Robertson	6	(8)
Margaret Sweeney	7	(8)
Olive Sweetman	6	(8)

Táillí agus Caiteachas

Socraíonn an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ná táillí atá iníoctha do Chomhaltaí Boird agus faoi láthair tá siad socraithe ag €7,618.43 don Chathaoirleach agus €5,078.95 do Chomhaltaí aonair.

Íoctar caiteachas de réir Rialacháin na Státseirbhíse ar Thaisteal agus Cothú.

Fochoistí Boird agus Coistí Comhairleacha

Le cois freastal ar Chruinnithe Boird, bhí comhaltaí gníomhach ar fhochoistí agus ar choistí comhairleacha fosta. I dtús 2005 rinne an Bord athbhreithniú ar struchtúr agus ionadaíocht a fhochoiste, ag cur an Phlean Sraitéiseach a lainseáladh go húr san áireamh. Ionsúdh ról an Choiste Phearsanra agus Airgeadais isteach sa Choiste úr ar Bhainistíocht Acmhainní, le níos mó téarmaí tagartha. Bunaíodh dhá choiste comhairleacha úra le linn na bliana, an Fhoireann Chomhairle Chumarsáide agus an Coiste Chomhairle ar *Having Your Say* san áireamh. Rinneadh ionadaíocht don Bhord ar na coistí seo mar seo a leanas:

FOCHOISTÍ BOIRD (amhail an 31 Nollaig 2005)

Nóta: Léiríonn an huimhreacha sna lúibíní an líon cruinnithe a freastaladh orthu.

An Coiste ar Bhainistíocht Acmhainní– 8 gcruinniú

Brian Duncan, Cathaoir (7)

Pearse O’Hanrahan (4)

Callista Bennis (4)

Helen Johnston (8)

Joan O’Flynn (6)¹

Anthony Gavin (6)

An Coiste Iniúchta - 3 chruinniú

Pearse O’Hanrahan, Chair (3)

Maria Gorman (3)

Anthony Gavin (2)

An Coiste ar Dhílárú - 1 cruinniú

Anthony Gavin, Chair (1)

Helen Johnston (1)

Tony O’Callaghan (1)

Pearse O’Hanrahan (0)

Margaret Sweeney (0)

Joan O’Flynn (1)

1 As seacht gcruinniú

COISTÍ COMHAIRLEACHA (amhail an 31 Nollaig 2005)**Coiste Comhairleach Sláinte- 2 chruinniú**

Frank Curran, Cathaoir (1)

Seamus McAleavey (0)

Helen Johnston (0)

Coiste Comhairleach Taighde- 2 chruinniú

Olive Sweetman (2)

Maria Corrigan (1)

Orlaigh Quinn (2)

Coiste Comhairleach ar Cháin agus Leas - 4 chruinniú

Tony Lane, Chair (4)

Maria Corrigan (2)

Frank Curran (2)

Maria Gorman (4)

Seamus McAleavey (2)

Alice Robertson (2)

Olive Sweetman (1)

Helen Johnston (4)

Foireann Chomhairleach Chumarsáide - 2 chruinniú

Tony O'Callaghan, Chair (2)

Helen Johnston (2)

Coiste Comhairleach Having Your Say- 1 cruinniú

Seamus McAleavey, Chair (1)

COISTÍ NA GNÍOMHAÍOCHTA TEORANN (amhail an 31 Nollaig 2005)

Ballraíocht an Chomhchoiste Bainistíochta– 8 gcrúinniú

Brian Duncan	Cathaoirleach, Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine (Comhchathaoir) (6)
Helen Johnston	Stiúrthóir, Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine (7)
Tony Crooks	Príomhfheidhmeannach, Pobal
Pearse O’Hanrahan	Comhalta Boird, Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine (1)
Tony Lane	Comhalta Boird, Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine (6)
Liz Sullivan	Ball Foirne, Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine
Jack Keyes	Bainisteoir Contae, An Cabhán
Adge King	Stiúrthóir Pobail agus Fiontar, Muineachán
Breege Lenihan	Líonra Pobail Chontae Mhuineacháin
Michael McCauley	Údarás Teorann Lártíre agus Údarás Réigiúnach an Iarthair
Mary Ryan	Westbic, Gaillimh
Bob Wilson	Comhpháirtíocht Fostaíochta Dhún Dealgan

Ballraíocht an Choiste Bainistíochta Trasteorann – 6 chruinniú

Brian Duncan	Cathaoirleach an Bhoird, Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine (Comhchathaoir) (3)
Tony Crooks	Príomhfheidhmeannach, Pobal (Comhchathaoir))
Helen Johnston	Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine, Stiúrthóir (5)
Pearse O’Hanrahan	Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine, Comhalta Boird (1)
Bob Wilson	Ionadaí Pobal
Tony Kennedy	Comhoibriú Éireann CEO (Comhchathaoir)
Bryan Johnston	Comhalta Boird ar Chomhoibriú Éireann
Avila Kilmurray	Fondúireacht Phobail do Thuaisceart Éireann (Comhchathaoir)
Eamon Deane	Fondúireacht Phobail do Thuaisceart Éireann (CFNI)
Ian McCracken	Fondúireacht Phobail do Thuaisceart Éireann (CFNI)
Ann Anderson Porter	Comhoibriú Éireann

Painéal Roghnúcháin na Gníomhaíochta Teorann Tosaíocht 1 agus 2

Tony Crooks	Príomhfheidhmeannach, Pobal (Cathaoir)
Liz Sullivan	Comhalta Boird, Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine
Larry Kelly	FÁS, Sligeach
Adge King	Stiúrthóir Pobail agus Fiontar, Muineachán
Paddy McGinn	Comhbhainisteoir na Gníomhaíochta Teorann
Paddy Logue	Comhbhainisteoir na Gníomhaíochta Teorann
Clodagh O'Mahony	Ionadaí Pobail
Shauna McClenaghan	Ionadaí Pobail
Cigireacht Rúnaíochta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (Folamh)	

Painéal Roghnúcháin Trasteorann

Helen Johnston	Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine, Stiúrthóir (Comhchathaoir)
Paddy Logue	Comhbhainisteoir na Gníomhaíochta Teorann
Paddy McGinn	Comhbhainisteoir na Gníomhaíochta Teorann
Nigel McKinney	Fondúireacht Phobail do Thuaisceart Éireann (CFNI)
Chrissie Cahill	Fondúireacht Phobail do Thuaisceart Éireann (CFNI) (Comhchathaoir)
Tony Kennedy	Comharchumann Éireann (Comhchathaoir)
Des Fegan	Comharchumann Éireann
Bob Wilson	Comhpháirtíocht Fostaíochta Dhún Dealgan
John Rafferty	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Orla McGlennon	Intertrade Éireann
Brian Callanan	IBEC
Bridie Sweeney	Ionadaí Pobail
Jackie Hewitt	Ionadaí Pobail

Coiste Comhpháirtithe Pobail Interreg

Tony Kennedy	Comharchumann Éireann (Cathaoir)
Helen Johnston	Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine
Tony Crooks	Pobal
Anne Anderson-Porter	Comhoibriú Éireann
Vernon O'Byrne	Comhoibriú Éireann

LIOSTA D'FHOIREANN NA GNÍOMHAIREACHTA DO CHOMHRAC NA BOCHTAINÉ (amhail an 31 Bealtaine 2006)

Helen Johnston Stiúrthóir

Bainistíocht agus Forbairt Eagrúcháin (OMD)

Seán Mistéil	Ceann ar Bainistíocht agus Forbairt Eagrúcháin
Eileen Scanlon ¹	Bainisteoir Acmhainní Daonna
Maria O'Neill ¹	Bainisteoir Airgeadais
Ann Riordan ²	Oifigeach Feidhmiúcháin
Nadine Cooney	Cúntóir Bainistíochta HR agus Taifead
